


Comhairle Contae
Fhine Gall
Fingal County
Council

fingal.ie

# Comhairle Contae Fhine Gall Buiséad Bliantúil

# Fingal County Council Annual Budget

# 2024

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# Buiséad Bliantúil 2024

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024



**Leasuithe ar an Dréachtbhuiséad Bliantúil arna gcur faoi bhráid na Comhairle ag an bPríomhfheidhmeannach**.

Rinne na Comhaltaí an Dréachtbhuiséad Bliantúil a bhreithniú ag an gCruinniú Buiséid a tionóladh ar an Máirt an 7ú Samhain 2023. Glacadh an buiséad mar a tíolacadh cé is moite de na coigeartuithe is gá chun an rún seo a leanas a chur chun feidhme.

(1) Atreoraítear an maoiniú sin de €120,000 ó laistigh de Rannán B, Soilsiú Poiblí ó (B0501) go (B0502).

# Buiséad Bliantúil 2024
## Clár na nÁbhar

**Leathanach**


**Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh...................................... 1**

**Anailís Airgeadais ........................................................................ 6**

**Anailís Airgeadais – Graif............................................................ 11**

**Táblaí Reachtúla A – E ................................................................. 16**

**TÁBLAÍ REACHTÚLA F**
**Rannán A – Tithíocht agus Foirgneamh.......................................... 28**

**Rannán B– Iompar Bóthair agus Sábháilteacht............................ 37**

**Rannán C – Seirbhísí Uisce ........................................................... 44**

**Rannán D– Bainistíocht Forbartha................................................. 49**

**Rannán E– Seirbhísí Comhshaoil ................................................... 64**

**Rannán F– Áineas agus Taitneamhacht......................................... 74**

**Rannán G – Talmhaíocht, Bia & Mara ........................................... 84**

**Rannán H– Seirbhísí Ilghnéitheacha ............................................. 89**

**Deimhniú ........................................................................................ 96**

**Muirear Bainistíochta Lárnach – Aguisín 1 .................................. 97**

**Leithdháileadh Cánach Maoine Áitiúil – Aguisín 2 ........................... 98**

**Comhairle Contae Fhine Gall**

Fingal County Council

# TUARASCÁIL AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH



## CHUIG AN MÉARA AGUS NA CHOMHALTAÍ

## COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL

# BUISÉAD BLIANTÚIL - 2024

### RÉAMHRÁ

Is é an Buiséad 2024 arna tíolacadh an ceann deireanach a bheidh le breithniú ag Comhaltaí reatha na Comhairle. I dtréimhse ama na Comhairle reatha tá an buiséad ioncaim méadaithe ó €269m go €361.9m. Léiríonn sé seo infheistíocht mhéadaithe shuntasach i gcreat sóisialta an Chontae trí mhéaduithe ar mhaoiniú do sheirbhísí chomh maith le méaduithe ar leithdháileadh caipitil agus infheistíocht in infrastruchtúr a mhaoiniú ar fud an chontae.

Is é cuspóir foriomlán na Comhairle do Bhuiséad 2024 fós ná seirbhísí ardchaighdeáin a chothú chun coinneáil suas le fás agus forbairt leanúnach an Chontae. Ina theannta sin, leanann an Buiséad de mhaoiniú a chur ar fáil chun infheistíocht infrastruchtúir riachtanach a sheachadadh ar fud an Chontae. Ullmhaítear an Buiséad seo laistigh d'éiginnteacht dhúshlánach gheopholaitiúil agus eacnamaíoch idirnáisiúnta a ndéileáiltear léi ar bhealach níos mine sa rannán anailíse airgeadais.

Ullmhaíodh Dréachtbhuiséad 2024 san fhormáid reachtúil agus i gcomhairle leis an nGrúpa Beartais Chorparáidigh, lena bhreithniú ag na Comhaltaí Tofa. Tá roinnt céimeanna i gceist le próiseas tiomsaithe an bhuiséid, lena n-áirítear:

- Comhairliúchán le gach grúpa polaitiúil agus páirtí neamhspleách maidir le tosaíochtaí buiséadacha agus straitéis le cúpla mí anuas.

- Comhairliúchán leis an nGrúpa Beartais Chorparáidigh chun dúshláin airgeadais na straitéise buiséid a mheas, agus sonraí an bhuiséid ag céimeanna éagsúla den chur i gcrích.

- Athbhreithnithe mionsonraithe ar gach gné den bhuiséad le Stiúrthóirí agus le sealbhóirí buiséid.

Is í an chéim dheireanach i bpróiseas an bhuiséid ná breithniú ar an mbuiséad, mar a chuirtear i láthair é, ag na Comhaltaí Tofa ag an gCruinniú Buiséid Bliantúil atá le tionól an 7 Samhain 2023.

### FEIDHMEANNA FORCOIMEÁDTA NA GCOMHALTAÍ TOFA

Tá roinnt feidhmeanna forchoimeádta ag na Comhaltaí maidir le próiseas an bhuiséid mar a leanas:

#### Cáin Mhaoine Áitiúil

Tá sé de chumhacht ag na Comhaltaí an Ráta Cánach Maoine Áitiúil (Fachtóir

Coigeartaithe Áitiúil) a athrú suas le 15% níos mó/níos lú. I mí Dheireadh Fómhair 2022 vótáil na Ccomhaltaí chun CMÁ a laghdú 7.5% do 2023 agus 2024.

### Glacadh leis an mBuiséad

Féadfaidh na Comhaltaí an Buiséad a ghlacadh le leasú nó gan leasú agus ní mór dóibh na suimeanna dá bhforáiltear le haistriú chuig an gCuntas Caipitil a cheadú.

### An Ráta a Chinneadh

Ní mór do na Comhaltaí tairiscint ar leith maidir le cinneadh an Ráta Bliantúil ar Luacháil (ARV) a bhreithniú ag an gcruinniú Buiséid.

### Rátaí ar Áitribh Fholmha

I gcomhréir le hAlt 31 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, tá an chumhacht ag na Comhaltaí cinneadh a dhéanamh maidir le cion na n-aisíocaíochtaí rátaí is infheidhme ar áitribh fholmha.

## RÁTAÍ TRÁCHTÁLA

Sa Bhuiséad ní léirítear aon mhéadú ar na Rátaí in 2024. Níor athraíodh an RBL uaidh sin a socraíodh i mBuiséad 2020, tar éis athluacháil thréimhsiúil a dhéanamh ar réadmhaoin inrátaithe ar fud an chontae ónar tháinig laghdú thart ar 77% ar rátaí d'íocóirí ráta. Tharla sé seo i ndiaidh na tréimhse ó 2010 go 2019, nár tháinig méadú glan ar rátaí tráchtálanialasacha sa tréimhse

## CÁIN MHAOINE ÁITIÚIL

Chinn na Comhaltaí, ag cruinniú na Comhairle i mí Dheireadh Fómhair 2022, bunráta na Cánach Maoine Áitiúil a laghdú de 7.5% do 2023 agus 2024.

## BUAICPHOINTÍ BUISÉID

Mar a leagtar amach thuas, déantar foráil i ndréachtbhuiséad 2024 do leibhéal suntasach leanúnach infheistíochta sa Chontae mar atá leagtha amach thíos:

**Soláthar Foirne**

Tá ár bhfoireann lárnach dár gcumas seirbhísí a sholáthar do shaoránaigh Fhine Gall, agus dár n-infheistíocht chaipitil sa Chontae a sheachadadh, chomh maith. Sa Bhuiséad, déantar foráil do gach ról laistigh den phlean fórsa oibre a líonadh.

**Oibriúcháin**

Ceadaíonn an Buiséad do mhéadú €5.5m thar réimsí iolracha in oibríochtaí cothabhála bóithre, páirceanna imeartha agus spásanna oscailte chomh maith le áiseanna poiblí agus reiligí.

**Pobal**

Áirítear sa Bhuiséad €1.9m breise a leithdháileadh ar an bPobal. Áirítear leis seo infheistíocht saoráidí nua agus reatha chomh maith le Ciste Aitheantais Pobail chun tacú le forbairt bonneagair agus áiseanna pobail ar fud na dtionscadal i bhFine Gall.

**Pleanáil agus Bonneagar Straitéiseach**
Tríd is tríd tá €1.7m breise leithdháilte ar phleanáil agus ar bhonneagar straitéiseach. Áirítear leis seo maoiniú breise chun LAPanna a fhorbairt tar éis an plean forbartha a thabhairt chun críche chomh maith le maoiniú méadaithe don bhithéagsúlacht.

**EETCD**
Tá timpeall agus €2.9m breise leithdháilte ar roinnt réimsí lena n-áirítear leabharlanna, turasóireacht, na healaíona, imeachtaí agus forbairt lár an bhaile.

**Tithíocht**
Méadaítear buiséad na Roinne Tithíochta faoi €14.9m lena n-áirítear soláthar tithíochta sóisialta, deontas athchóirithe réadmhaoine folmha, cothabháil tithíochta agus scéim iasachtaí carbhán.

## PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA UM ATHRÚ AERÁIDE 2024-2029
Bíonn tionchar ag athrú aeráide ar ár saolta go léir. Tá freagracht ar Chomhairle Contae Fhine Gall, mar an t-údarás áitiúil, cuspóirí gníomhaíochta aeráide na hÉireann a bhaint amach a eascraíonn ó bheartas náisiúnta agus Eorpach. Tá sé mar sprioc ag Rialtas na hÉireann aistriú chuig geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus neodrach ó thaobh na haeráide de faoi dheireadh na bliana 2050.

Chun an cuspóir seo a bhaint amach, ní mór dúinn beart a dhéanamh ar an leibhéal áitiúil. Mar an t-údarás áitiúil d’Fhine Gall, táimid ag féachaint teacht ar aontú ar na bearta a dhéanfaimid.

Tá dréachtphlean foilsithe ag Comhairle Contae Fhine Gall le conas a thabharfaimid aghaidh ar ghníomhú ar son na haeráide sna cúig bliana amach romhainn. Sa plean, leagtar spriocanna um ghníomhú ar son na haeráide amach agus sonraítear na gníomhartha a dhéanfaimid mar Chomhairle chun tionchar dearfach a bheith againn ar athrú aeráide agus muid ag déanamh ár gcuid oibre.

Tá an obair a dhéanfaimid eagraithe faoi shé cheannteideal a bhaineann le gach rannóg de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall:

1. Fuinneamh & Foirgnimh
2. Iompar
3. Athléimneacht Tuilte
4. Réitigh Dúlra-Bhunaithe
5. Bainistíocht Acmhainní
6. Rannpháirtíocht an Phobail

## TITHÍOCHT DO CHÁCH – PLEAN TITHÍOCHTA NUA D’ÉIRINN
Is é “Tithíocht do Chách - Plean Tithíochta Nua d’Éirinn” beartas tithíochta an rialtais don tréimhse suas go dtí 2030. Is plean ilbhliantúil, ilbhilliún euro é a fhéachann le córas

tithíochta na hÉireann a fheabhsú agus níos mó tithe a sheachadadh do dhaoine a bhfuil riachtanais éagsúla tithíochta acu. Tá maoiniú suntasach curtha san áireamh i bPlean Caipitil na Comhairle chun é seo a chur chun cinn i bhFine Gall.

Tá an plean bunaithe ar cheithre bhealach, as a dtiocfaidh córas tithíochta níos inbhuanaithe:

- tacú le húinéireacht tí agus inacmhainneacht a mhéadú.
- deireadh a chur leis an easpa dídine, seachadadh tithíochta sóisialta a mhéadú, agus tacú le cuimsiú sóisialta.
- soláthar tithíochta nua a mhéadú.
- aghaidh a thabhairt ar áitribh fholmha agus úsáid éifeachtach a bhaint as an stoc reatha.

Aithnítear leis an maoiniú sa Bhuiséad an gá atá le córais agus foireann a bheith i bhfeidhm chun raon cuimsitheach seirbhísí a bhaineann le tithíocht a sholáthar timpeall ar Leithdháiltí, Tacaíocht Tionóntachta, Bainistíocht Eastát agus Sócmhainní, riarachán Iasachtaí Tithíochta, chomh maith le gníomhaíochtaí réasúnta nua maidir le riarachán tionachta mheasctha agus Scéimeanna Tithíochta Inacmhainne.

## BUÍOCHAS

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Comhaltaí Tofa na Comhairle as a dtacaíocht agus mo bhuíochas a ghabháil leis an Méara, anComhairleoir Adrian Henchy agus a réamhtheachtaí mar Mhéara, an Comhairleoir Howard Mahony, as a dtiomantas do fhreagrachtaí speisialta na hOifige agus as a gcúirtéis agus a gcomhoibriú, in éineacht leis an nGrúpa Beartais Chorparáidigh, agus iad i mbun gnó na Comhairle le linn 2023. Táim ag tnúth le leanúint ag obair i gcomhpháirtíocht leis na Comhaltaí Tofa chun seirbhís phoiblí ar ardchaighdeán a chur ar fáil do shaoránaigh Fhine Gall.

Ba mhaith liom freisin ómós a thabhairt don fhoireann ar fad as a dtiomantas agus a ndíograis i soláthar seirbhísí do mhuintir Fhine Gall. Is tasc deacair agus éilitheach é ullmhú an bhuiséid atá á chomhordú ag an Roinn Airgeadais ina bhfuil baint ag gach Roinn ar fud na Comhairle leis. Maidir leis seo, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann go léir a bhí páirteach in ullmhú an Bhuiséid.

## CONCLÚID

Is é cuspóir foriomlán na Comhairle do Bhuiséad 2024 fós ná seirbhísí ardchaighdeáin a chothú chun coinneáil suas le fás agus forbairt leanúnach an Chontae. Ina theannta sin, leanann an Buiséad de mhaoiniú a chur ar fáil chun infheistíocht infrastruchtúir riachtanach a sheachadadh ar fud an Chontae. Leis an mBuiséad seo, ligtear dúinn an cuspóir seo a bhaint amach agus airgeadas stuama á choinneáil againn agus muid ag dul i ngleic leis na héiginnteachtaí geilleagracha agus geopholaitiúla suntasacha le linn 2024.

**Molaim go nGlacfaí leis an mBuiséad.**



**AnnMarie Farrelly**
**Príomhfheidhmeannach**
Samhain 2023

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# ANAILÍS AIRGEADAIS

## ANAILÍS AIRGEADAIS

## TRÉIMHSE BHUISÉADACH FHORORDAITHE

Tá an tréimhse ón 1 Samhain 2023 go dtí an 8 Nollaig 2022 socraithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta mar an tréimhse fhorordaithe do Chomhairlí Contae chun an Cruinniú Buiséid 2024 a thionól. Tionólfar an Cruinniú Buiséid reachtúil an 7 Samhain 2023 agus ní mór an Buiséad a ghlacadh laistigh de thréimhse 14 lá dar tosach an dáta sin. Dá bhrí sin is é an 20 Samhain 2023 an dáta deiridh chun an Buiséad a ghlacadh.

### TORADH 2023

Meastar gurb'ionann an toradh do 2023 agus timpeall €343.7m. Áirítear sa toradh caiteachas breise in oibríochtaí, tithíocht, pobal agus EETCD. Maoiníodh an caiteachas breise seo trí ioncam infheistíochta, táillí agus deontais bhreise.

### AN BUISÉAD

Tá an Dréachtbhuiséad do 2024 leagtha amach san fhormáid fhorordaithe. Déantar soláthar do chaiteachas iomlán de €361.9m, ar mhéadú é de €28.1m ar bhuiséad 2023.

Tá méid suntasach infheistíochta méadaithe déanta thar roinnt buiséad i seirbhísí na Comhairle. Is é cuspóir foriomlán na Comhairle do Bhuiséad 2024 fós ná seirbhísí ardchaighdeáin a chothú chun coinneáil suas le fás agus forbairt leanúnach an Chontae. Ina theannta sin, leanann an Buiséad de mhaoiniú a chur ar fáil chun infheistíocht infrastruchtúir riachtanach a sheachadadh ar fud an Chontae.

Tá an Buiséad á ullmhú i gcomhthéacs na héiginnteachta leanúnaí geopolitiúla agus eacnamaíche méadaithe. Cé gur laghdaigh an ráta boilscithe ó na leibhéil arda ag deireadh 2022 is ionann an ráta boilscithe bliantúil is déanaí ón bPríomh-Oifig Staidrimh agus 6.3%. Leis an maoiniú méadaithe atá leagtha amach i dTuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh, ceadaítear do mhaolú ar na costais mhéadaithe seo. Leanfar d'éifeacht leanúnach na héiginnteachta eacnamaíche a athbhreithniú le linn 2024.

D'ainneoin na héiginnteachta eacnamaíche tá méadú fós á chur ar an mbuiséad 2024 ar an leibhéal infheistíochta sa Chontae agus é ag iarraidh a chinntiú go bhfanann airgeadas na Comhairle inbhuanaithe.

### RÁTAÍ TRÁCHTÁLA

Is iad rátaí tráchtála príomhfhoinse maoinithe na Comhairle, arb ionann iad agus 44% den ioncam iomlán do 2024, agus tá buacacht rátaí mar phríomh-chomhpháirt chun tacú le maoiniú na mbuiséad leantacha. Fanfaidh an ARV reatha de 0.1796 gan athrú agus leis seo cinntítear nach mbeidh aon ardú ar chostais rátaí do ghnóthaí in 2024.

Áirítear sa Bhuiséad freisin soláthar leanúnach chun ligean don Chomhairle éifeachtaí an ioncaim ó rátaí laghdaithe a mhaolú, ar éifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr achomhairc luachála atá fós ar siúl a eascraíonn as an athluacháil ar fud an chontae a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2020.

## Bannaí Ráta

| Ráta Ó € | Banna Go € | Líon na gCuntas | % de gCuntas | Carnach Cuntais | % | Reatha € | Rátaí % | Carnach Rataí € | Carnach % |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 0 | 1,000 | 575 | 9.15% | 575 | 9.15% | 359,624 | 0.23% | 359,624 | 0.23% |
| 1,001 | 5,000 | 3114 | 49.57% | 3689 | 58.72% | 8,359,536 | 5.25% | 8,719,160 | 5.48% |
| 5,001 | 10,000 | 1005 | 16.00% | 4694 | 74.72% | 6,934,352 | 4.36% | 15,653,512 | 9.84% |
| 10,001 | 50,000 | 1179 | 18.77% | 5873 | 93.49% | 26,712,342 | 16.79% | 42,365,854 | 26.62% |
| 50,001 | 100,000 | 225 | 3.58% | 6098 | 97.07% | 15,473,721 | 9.72% | 57,839,575 | 36.34% |
| 100,001 | 500,000 | 157 | 2.50% | 6255 | 99.57% | 31,942,411 | 20.07% | 89,781,986 | 56.42% |
| >500,001 | | 27 | 0.43% | 6282 | 100.00% | 69,362,075 | 43.58% | 159,144,061 | 100.00% |
| | | 6282 | 100% | | | 159,144,061 | 100% | | |

## Rátaí ar Mhaoin Fholamh

Léirítear sa bhuiséad laghdú suas le 30% do 2024 ar an ráta aisíocaíochta do réadmhaoin fholmha.

## CÁIN MHAOINE ÁITIÚIL

Ag Cruinniú na Comhairle i mí Dheireadh Fómhair 2022, vótáil na Comhaltaí chun an ráta Cánach Maoine Áitiúil a laghdú de 7.5% do 2023 agus 2024. Toisc nach n-athraítear an t-athrú CMÁ ní bheidh aon mhéadú do 2024 ann d'íocóirí CMÁ.

I rith 2023, rinne RTRÁO athbhreithniú ar an leithdháileadh bunlíne atá ionchorpraithe sa CMÁ roghnach thíos. Mar chuid den athbhreithniú seo, thug siad faoi chleachtadh comhairliúcháin le hÚdaráis Áitiúla agus Comhaltaí. San athbhreithniú seo rinneadh €2.12m breise a leithdháileadh ar Fhine Gall le haghaidh caiteachais roghnach a úsáidtear mar thaca don chaiteachas breise a leagtar amach i réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh.


| Comhairle Contae Fhine Gall – Leithdháileadh CMÁ 2024 | | | |
|---|---|---|---|
| | **2024** | **2023** | ***Difríocht*** |
| CMÁ coinnithe go haitiúil (100%) | 43,609,512 | *40,533,514* | *3,075,998* |
| Lúide laghdú 7.5% | 3,270,713 | *3,040,014* | *230,700* |
| Leithdháileadh CMÁ Athbhreithnithe 2024 (tar éis cinneadh an ráta a athrú) | 40,338,799 | *37,493,500* | *2,845,298* |
| LE LEITHDHÁILEADH MAR A LEANAS: | | | |
| CUNTAIS IONCAM | | | |
| Tithíocht Reatha (Na Coimisineirí Ioncaim) | 10,058,044 | *9,821,474* | *236,570* |
| Bóithre | 3,914,446 | *3,914,446* | *0* |
| CMÁ Lánroghnach | 12,366,309 | *9,779,301* | *2,587,008* |
| CMÁ IOMLÁN SA CHUNTAS IONCAIM 2024 | 26,338,799 | *23,515,221* | *2,823,578* |
| Leithdháileadh CMÁ ar Thionscadail Chaipitil Tithíochta | 14,000,000 | *13,978,279* | *21,721* |
| **LEITHDHAILEADH IOMLÁN CMÁ Coinnithe go hÁitiúil (100%)** | **40,338,799** | ***37,493,500*** | ***2,845,299*** |

**PÁROLLA, COSTAIS PINSIN AGUS SCOIR**

Leanann an buiséad párolla le foráil a dhéanamh do gach post laistigh de phlean fórsa saothair na comhairle. Leanaimid orainn ag féachaint le gach ról a líonadh toisc go bhfuil siad ríthábhachtach dár gcumas seirbhísí a sheachadadh chomh maith leis an bplean caipitil uaillmhianach.

| € M | Buiséad 2023 | Toradh 2023 | Buiséad 2024 |
|---|---|---|---|
| Pá | 29.0 | 26.5 | 28.5 |
| Tuarastail* | 56.4 | 57.3 | 59.3 |
| **Iomlán** | **85.4** | **83.8** | **87.8** |
| Costais Phinsin & Scoir | 19.6 | 19.6 | 21.3 |

Mar atá leagtha amach sa ghraf thíos tá na costais phinsin agus scoir méadaithe ó €14.6m in 2019 go €21.3m réamh-mheasta in 2024.




**UISCE ÉIREANN**

Agus an buiséad á ullmhú tá comhaontú nua Uisce Éireann-Údarás Áitiúil á thabhairt chun críche. Ullmhaítear buiséad 2024 ar an mbonn nach mbeidh aon chaillteanas airgeadais ann do Chomhairle Contae Fhine Gall i dtéarmaí aisíocaíocht costas díreach agus ranníocaíocht i dtreo muirear bainistíochta lárnach agus na costais seo a fháil ar ais ó Uisce Éireann agus ó RTRÁO.

**SEIRBHÍS DÓITEÁIN**

Trí chomhaontú, is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a sholáthraíonn an tSeirbhís Dóiteáin do na ceithre Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath. Roinntear glanchostas na seirbhíse idir na hÚdaráis, ag cur daonra Fhine Gall san áireamh mar chéatadán de cheithre Údarás Bhaile Átha Cliath; líon na dteaghlach i ngach limistéar riaracháin agus an luacháil inrátaithe stairiúil. Meastar gur €25.3m sciar Fhine Gall de chostas na seirbhíse in 2024 agus léiríonn sé sin méadú de €505k ar Bhuiséad 2023. Seo a leanas cionroinnt chostais na Seirbhísí Dóiteáin idir na ceithre Údarás i mBaile Átha Cliath:

| | Buiséad 2023 | | Athbhreithnithe 2023 | | Buiséad 2024 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Údarás Áitiúil | Glanchostas | % Cionroinnte | Glanchostas | % Cionroinnte | Glanchostas | % Cionroinnte |
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 59,794,485 | 47.4% | 59,108,834 | 47.4% | 61,012,169 | 47.4% |
| Comhairle Contae Fhine Gall | 24,810,507 | 19.7% | 24,526,011 | 19.7% | 25,315,760 | 19.7% |
| Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | 23,188,648 | 18.4% | 22,922,749 | 18.4% | 23,660,873 | 18.4% |
| Dún-Laoighaire - Ráth an Dúin | 13,358,319 | 14.6% | 18,147,808 | 14.6% | 18,732,176 | 14.6% |
| Iomlán | 126,151,958 | 100.0% | 124,705,402 | 100.0% | 128,720,978 | 100.0% |

**CLÁR CAIPITIL**

Cuireadh Clár Caipitil 2024-2026 i láthair na gComhaltaí ag Cruinniú na Comhairle i mí Dheireadh Fómhair. Aithníonn sé os cionn 312 tionscadal aonair a bhfuil caiteachas measta de €1.35 billiún acu thar na 3 bliana. Léiríonn an buiséad ioncaim leithdháileadh leanúnach caipitil do thionscadail atá le maoiniú ón gcuntas ioncaim cosúil le leabharlanna, ionaid phobail agus réadmhaoin oidhreachta ar fud an Chontae.

## COSTAIS TACAÍOCHTA SEIRBHÍSE

Áirítear le gach rannán cionroinnt ar chostais ghinearálta riaracháin agus forchostais nach ndéantar a mhuirearú go díreach ar rannán ar leith. Déantar na costais seo a ghrúpáil mar 'chostais tacaíochta seirbhíse' agus áirítear leo speansais chóiríochta oifige, tuarastail nach ndéantar a mhuirearú go díreach ar rannán ar leith, pinsin, aiscí scoir, seirbhísí ríomhaireachta, costais dlí, postas, teileafón, clódóireacht, stáiseanóireacht agus fógraíocht. Leithdháileadh na forchostais seo ar Rannáin agus ar Sheirbhísí ar bhonn tiománaithe costais náisiúnta.

Tá na costais leagtha amach in Aguisín 1 agus is ionann iad agus €56.1m do 2024. Is méadú é seo de timpeall €2.27m ar Bhuiséad 2023. Tá an t-ardú seo á thiomáint ag pá, tuarastail, pinsin, mionchonarthaí agus aistrithe caipitil TF.

Tá anailís ar an gcaiteachas i ngach réimse leagtha amach thíos:


| | | **Conas a dhéantar an Muirear Bainistíochta Lárnach a leithdháileadh** |
|---|---|---|
| **Forchostas Gnóthaí Corparáideacha** | **6,396,500** | Leithdháilte bunaithe ar líon na foirne ar thuarastal i Rannáin A go H. |
| Tá tuarastail na Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Dlí agus Seirbhísí Iniúchta, lena n-áirítear an Coiste Iniúchta san áireamh faoin gceannteideal seo. Gach costas a bhaineann le Cumarsáid agus imeachtaí agus féilte ar fud an chontae. Tá na costais a bhaineann le riaradh polasaithe árachais na Comhairle faoin gceannteideal seo. | | |
| **Forchostas Foirgnimh Chorparáidigh** | **10,871,100** | Leithdháileadh bunaithe ar $M^2$ ar dtús, ansin de réir líon na foirne ar thuarastal i Rannáin A go H. |
| Costais a bhaineann le soláthar agus cothabháil Oifigí Corparáideacha (Halla an Chontae, Baile Bhlainséir agus Baile Brigín). Costais phárolla d'Ailtirí agus do Phóirtéirí. Aisíocaíochtaí iasachta le haghaidh oifigí Bhaile Bhlainséir agus costais an Cheaintín. Tá soláthar san áireamh anseo freisin do mhaoiniú na n-iarmhéideanna dochair a bhaineann leis na costais a bhaineann le cóiríocht oifige a thógáil lena n-áirítear Oifigí Bhaile Brigín. | | |
| **Forchostas Fheidhm Airgeadais** | **3,168,300** | Costais bunaithe ar líon na n-idirbheart airgeadais ginte i Rannáin A go H. |
| Tá costais phárolla na Roinne Airgeadais faoin gceannteideal seo lena n-áirítear Árachas, Cuntais Iníoctha, Bainistíocht agus Rialú Airgeadais, Costais FMS agus Soláthar. | | |
| **Feidhm Acmhainní Daonna** | **4,251,700** | Leithdháilte bunaithe ar líon iomlán na foirne i Rannáin A go H. |
| Tá costais phárolla don Roinn Acmhainní Daonna agus don Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta faoin gceannteideal seo. Costais oifige de phárolla don fhoireann & do phinsinéirí a riar | | |
| **Seirbhísí Digiteacha** | **10,084,500** | Costais bunaithe ar líon na ríomhairí pearsanta & úsáid na bhfeidhmchlár i Rannáin A go H. |
| Costais foirne na seirbhísí digiteacha, bonneagar líonra, freastalaithe, ríomhairí pearsanta, ríomhairí glúine agus crua-earraí cumarsáide. Tá córais TF a thacaíonn le riachtanais ghnó gach Roinne agus a eisíonn Ceadúnais Feidhmchláir PC faoin gceannteideal seo. | | |
| **Costais Scoir** | **21,303,500** | Costais bunaithe ar % de chostais tuarastail i Rannáin A go H. |
| Gach Pinsean agus costais scoir mar aon le costais tuarastail don fhoireann sa Roinn Acmhainní Daonna a riarann párolla do phinsinéirí. | | |

**Comhairle Contae Fhine Gall**
Fingal County Council

# ANAILÍS AIRGEADAIS – GRAIF


# Caiteachas in aghaidh an Duine den Daonra (HOP)

| | Caiteachas | % den Bhuiséad | Caiteachas in aghaidh an |
|---|---|---|---|
| Tithíocht agus Foirgneamh | €117,198,500 | 32.38% | €355.99 |
| Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóthar | €43,149,700 | 11.92% | €131.07 |
| Seirbhísí Uisce | €20,367,900 | 5.63% | €61.87 |
| Bainistíocht Forbartha | €30,635,200 | 8.47% | €93.05 |
| Seirbhísí Comhshaoil | €54,123,600 | 14.96% | €164.40 |
| Áineas agus Conláistí | €70,260,900 | 19.41% | €213.42 |
| Talmhaíocht, Bia & Mara | €1,736,200 | 0.48% | €5.27 |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | €24,425,200 | 6.75% | €74.19 |
| | **€361,897,200** | **100.00%** | **€1,099.26** |





* Daonra 329,218 - Daonáireamh 2022

# An Buiséad Ioncaim Bliain ar Bhliain 2018 - 2024





# Cá dtarlóidh an Caiteachas




# Anailís ar Chaiteachas

| | Budget 2023 | Revised Budget 2023 | Budget 2024 |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| **Párolla** | | | |
| Tuarastail & Pá | 85,448,300 | 83,831,100 | 87,833,400 |
| Speansais Phárolla Eile | 1,855,900 | 2,026,900 | 2,270,100 |
| Pinsin & Aiscí | 19,600,000 | 19,600,000 | 21,280,000 |
| **Speansais Oibriúcháin** | | | |
| Talamh & Trealamh a Cheannach | 2,354,100 | 2,625,800 | 2,693,700 |
| Deisiúcháin & Cothabháil | 968,000 | 774,500 | 936,400 |
| Íocaíochtaí Conartha | 29,193,800 | 33,800,700 | 34,796,300 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta | 64,502,600 | 65,599,900 | 74,204,300 |
| Gléasra ar Cíos | 3,616,200 | 4,472,600 | 4,342,400 |
| Ábhar & Eisiúintí Stórais | 3,631,700 | 4,332,500 | 4,267,600 |
| Deontais Tithíochta | 4,355,900 | 3,562,400 | 5,531,100 |
| Íocaíochtaí Deontas/Fóirdheontas | 4,404,900 | 5,239,400 | 5,058,500 |
| Costais Chomhaltaí | 445,500 | 512,500 | 462,500 |
| Táillí Comhairleachta & Gairmiúla | 8,076,200 | 9,611,200 | 9,564,000 |
| Fuinneamh | 9,529,600 | 7,427,500 | 7,258,200 |
| Costais RAS | 18,130,200 | 17,989,200 | 19,384,600 |
| Speansais Oibriúcháin Eile | 8,996,200 | 8,109,400 | 11,001,500 |
| **Speansais Riaracháin & Bhunaithe** | | | |
| Cumarsáid | 1,269,200 | 1,364,000 | 1,357,300 |
| Oiliúint & Earcaíocht | 1,257,200 | 1,239,200 | 1,446,000 |
| Priontáil & Stáiseanóireacht | 675,800 | 736,700 | 785,300 |
| Ranníocaíochtaí le Comhlachtaí Eile | 2,881,100 | 3,019,900 | 2,953,400 |
| Speansais Riaracháin Eile | 7,528,300 | 7,645,600 | 7,633,200 |
| Cíos & Rátaí | 1,989,000 | 1,949,300 | 1,956,700 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 420,000 | 504,800 | 450,000 |
| Speansais Bhunaithe Eile | 1,076,100 | 1,005,900 | 987,500 |
| Speansais Airgeadais (lena n-áirítear Iasachtaí & Léasanna) | 8,254,200 | 11,066,200 | 11,974,300 |
| Aistrithe chuig Caipiteal | 40,766,800 | 42,684,300 | 36,884,400 |
| Ilghnéitheach | 2,521,900 | 3,016,700 | 4,584,600 |
| | **333,748,700** | **343,748,200** | **361,897,200** |




# Anailís ar Ioncam

| | Budget 2023 | Revised Budget 2023 | Budget 2024 |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| Rátaí Tráchtála | 155,330,700 | 154,847,000 | 159,144,100 |
| Deontais (lena n-áirítear féinmhaoiniú CMÁ) | 88,544,700 | 91,836,700 | 105,450,400 |
| Aoisliúntas & Asbhaintí Pinsin | 2,400,000 | 2,100,000 | 2,165,000 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil (Lánroghnach) | 9,779,300 | 9,779,300 | 12,366,300 |
| Cíos Tithíochta | 21,820,900 | 22,000,800 | 22,000,300 |
| Cíos Tithíochta Eile | 4,770,000 | 4,741,500 | 4,783,300 |
| Iasachtaí Tithíochta, Ús & Táillí | 3,163,700 | 3,951,500 | 4,016,900 |
| Uisce Éireann | 16,331,000 | 15,830,600 | 15,586,300 |
| Ionaid Athchúrsála & Ioncam Líonadh Talún | 1,725,300 | 1,106,000 | 1,256,000 |
| Táillí Pleanála | 1,690,300 | 2,700,300 | 1,790,300 |
| Táillí / Muirir Pháirceála | 2,012,000 | 2,026,400 | 2,000,000 |
| Gníomhaíochtaí Áineasa & Conláiste | 606,000 | 769,800 | 706,200 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta & Aisghabháil ÚA eile | 5,174,500 | 6,863,000 | 6,404,300 |
| Maoin ar Cíos & Talún a Léasú | 1,509,400 | 1,547,700 | 1,546,400 |
| Táillí Dóiteáin | 950,000 | 1,010,000 | 1,000,000 |
| NPPR | 400,000 | 600,000 | 400,000 |
| Táillí & Fíneálacha Eile | 3,930,400 | 3,342,100 | 3,730,000 |
| Ioncam Ilghnéitheach | 13,610,500 | 18,695,500 | 17,551,400 |
| | 333,748,700 | 343,748,200 | 361,897,200 |



# Leithdháileadh Rátaí Tráchtála Buiséadaithe

# Ioncam 2024 - €159.14m




**Is éard atá sa "Luacháil Fhoriomlán" ná luachálacha ar fhóntais phoiblí ar nós cuideachtaí uisce, fuinnimh agus cumarsáide.**

**Comhairle Contae Fhine Gall**

Fingal County Council

# Buiséad Reachtúil

## TÁBLAÍ A-E



Ba cheart a thabhairt faoi deara, go bhféadfadh sé go mbeadh fadhbanna slánaithe ann i roinnt de na táblaí de bharr an leibhéil sonraí a bhíonn i gceist agus Costais Tacaíochta Seirbhíse á gcionroinnt. Níl aon éifeacht ábhartha acu seo agus ní imríonn iad tionchar ar na figiúirí a bhaineann leis an mbuiséad foriomlán.

| TÁBLA A - AN RÁTA BHLIANTÚIL AR LUACHÁIL DON BHLIAIN AIRGEADAIS A RÍOMH | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Achoimre de réir Rannóg Seirbhíse** | **Caiteachas €** | **Ioncam €** | **Glanchaiteachas Buiséid 2024 €** | **%** | **Toradh Glanchaiteachais Measta 2023 €** | **%** |
| **Oll-Ioncaim Caiteachas & Ioncam** | | | | | | |
| A Tithíocht agus Foirgneamh | 117,198,500 | 108,782,900 | 8,415,600 | 4.9% | 7,531,300 | 4.6% |
| B Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre | 43,149,700 | 9613900 | 33535800 | 19.6% | 29,792,600 | 18.1% |
| C Seirbhísí Uisce | 20,367,900 | 17644900 | 2723000 | 1.6% | 2,006,700 | 1.2% |
| D Bainistíocht Forbartha | 30,635,200 | 7143200 | 23492000 | 13.7% | 22,941,300 | 13.9% |
| E Seirbhísí Comhshaoil | 54,123,600 | 11449800 | 42673800 | 24.9% | 40,444,300 | 24.6% |
| F Áineas agus Conláistí | 70,260,900 | 5952500 | 64308400 | 37.5% | 63,365,300 | 38.5% |
| G Talmhaíocht, Bia & Mara | 1,736,200 | 417700 | 1318500 | 0.8% | 1,834,900 | 1.1% |
| H Seirbhísí Ilghnéitheacha | 24,425,200 | 29381900 | (4,956,700) | (2.9%) | (3,290,100) | (2.0%) |
| | **361,897,200** | **190,386,800** | **171,510,400** | 100.0% | **164,626,300** | 100.0% |
| Soláthar d'Iarmhéid Dochair | - | | - | | | |
| **OLLCHAITEACHAS AGUS IONCAM COIGEARTAITHE** | **361,897,200** | **190,386,800** | **171,510,400** | | **164,626,300** | |
| **Maoinithe ag Ioncam Eile/Iarmhéideanna Creidmheasa** | | | | | | |
| Soláthar d'Iarmhéid Creidmheasa | | - | - | | | |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | | 12,366,300 | 12,366,300 | | | |
| **FO-IOMLÁN (B)** | | | **12,366,300** | | | |
| **MÉID NA RÁTAÍ ATÁ LE TOBHACH (A)-(B)** | | | **159,144,100** | | | |
| Luach an Choigeartaithe Bhonnbhliana | | | - | | | |
| **MÉID NA RÁTAÍ ATÁ LE TOBHACH (COMLÁN DE BYA) (D)** | | | **159,144,100** | | | |
| Glanluacháil Éifeachtach **(E)** | | | 886,102,800 | | | |
| **RÁTA BLIANTÚIL GINEARÁLTA AR LUACHÁIL (D)/(E)** | | | **0.1796** | | | |

| TÁBLA B: Caiteachas agus Ioncam do 2024 agus an Toradh Measta do 2023 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2024 | | | | 2023 | | | |
| | Caiteachas | | Ioncam | | Caiteachas | | Ioncam | |
| Rannán & Seirbhísí | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Measta ag an bPríomhfheidhmeannach € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Measta ag an bPríomhfheidhmeannach € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € |
| **A Tithíocht agus Foirgneamh** | | | | | | | | |
| A01 Cothabháil & Feabhsú Aonaid Tithíochta ÚÁ | 15,064,800 | 15,064,800 | 22,481,200 | 22,481,200 | 14,201,800 | 15,025,100 | 22,389,600 | 22,552,400 |
| A02 Measúnú, Leithdháileadh agus Aistriú Tithíochta | 2,281,800 | 2,281,800 | 52,600 | 52,600 | 1,859,500 | 2,208,000 | 52,500 | 54,600 |
| A03 Riarachán Cíosa Tithíochta agus Ceannaigh ag Tionóntaí | 2,337,400 | 2,337,400 | 57,900 | 57,900 | 2,254,300 | 2,328,700 | 55,600 | 56,700 |
| A04 Tacaíocht Forbartha Pobail Tithíochta | 2,470,300 | 2,470,300 | 59,700 | 59,700 | 2,432,900 | 2,375,800 | 60,700 | 63,100 |
| A05 Riar na Seirbhíse do Dhaoine gan Dídean | 3,622,300 | 3,622,300 | 429,500 | 429,500 | 3,544,200 | 3,647,000 | 394,100 | 430,400 |
| A06 Tacaíocht don Chlár Caipitil Tithíochta | 11,033,900 | 11,033,900 | 7,206,400 | 7,206,400 | 9,916,500 | 10,438,400 | 6,298,700 | 7,054,300 |
| A07 RAS & Clár Léasaithe | 63,598,800 | 63,598,800 | 65,474,300 | 65,474,300 | 54,208,100 | 54,301,600 | 56,905,600 | 55,835,400 |
| A08 Iasachtaí Tithíochta | 5,875,700 | 5,875,700 | 4,837,700 | 4,837,700 | 5,138,600 | 5,594,800 | 4,193,900 | 4,686,700 |
| A09 Deontais Tithíochta | 5,850,100 | 5,850,100 | 4,476,100 | 4,476,100 | 4,577,500 | 4,033,200 | 3,300,600 | 2,846,500 |
| A11 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inchúitithe | 4,307,300 | 4,307,300 | 3,120,500 | 3,120,500 | 2,104,500 | 4,109,100 | 946,200 | 3,084,600 |
| A12 Clár ÍCT | 756,100 | 756,100 | 587,000 | 587,000 | 668,500 | 723,300 | 588,100 | 589,000 |
| **Rannán A Iomlán** | **117,198,500** | **117,198,500** | **108,782,900** | **108,782,900** | **100,906,400** | **104,785,000** | **95,185,600** | **97,253,700** |

| TÁBLA B: Caiteachas agus Ioncam do 2024 agus an Toradh Measta do 2023 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2024 | | | | 2023 | | | |
| | Caiteachas | | Ioncam | | Caiteachas | | Ioncam | |
| Rannán & Seirbhísí | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Measta ag an bPríomhfheidhmeannach € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Measta ag an bPríomhfheidhmeannach € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € |
| **B Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre** | | | | | | | | |
| B01 Bóthar NP - Cothabháil agus Feabhsú | - | - | - | - | - | - | - | - |
| B02 Bóthar NS - Cothabháil agus Feabhsú | - | - | - | - | - | - | - | - |
| B03 Bóthar Réigiúnach - Cothabháil agus Feabhsú | 12,275,200 | 12,275,200 | 3,199,600 | 3,199,600 | 11,354,500 | 10,117,600 | 3,089,400 | 3,145,400 |
| B04 Bóthar Áitiúil - Cothabháil agus Feabhsú | 13,180,700 | 13,180,700 | 2,090,400 | 2,090,400 | 11,602,600 | 13,574,200 | 2,084,100 | 2,089,400 |
| B05 Soilsiú Poiblí | 5,066,500 | 5,066,500 | 876,300 | 876,300 | 5,086,800 | 5,196,700 | 560,800 | 921,700 |
| B06 Feabhsú Bainistíochta Tráchta | 5,126,100 | 5,126,100 | 93,500 | 93,500 | 3,925,800 | 4,790,900 | 63,200 | 94,500 |
| B07 Feabhsú Innealtóireachta um Shábháilteacht ar Bhóithre | - | - | - | - | - | - | - | - |
| B08 Cur Chun Cinn & Oideachas um Shábháilteacht ar Bhóithre | 3,687,900 | 3,687,900 | 108,000 | 108,000 | 3,078,900 | 3,245,800 | 150,000 | 109,100 |
| B09 Páirceáil | 993,100 | 993,100 | 2,000,200 | 2,000,200 | 826,500 | 899,000 | 2,012,200 | 2,026,600 |
| B10 Tacaíocht don Chlár Caipitil Bóithre | 2,124,100 | 2,124,100 | 51,200 | 51,200 | 2,054,500 | 1,023,500 | 64,700 | 67,400 |
| B11 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inchúitithe | 696,100 | 696,100 | 1,194,700 | 1,194,700 | 691,400 | 590,500 | 1,214,000 | 1,191,500 |
| **Rannán B Iomlán** | **43,149,700** | **43,149,700** | **9,613,900** | **9,613,900** | **38,621,000** | **39,438,200** | **9,238,400** | **9,645,600** |

| TÁBLA B: Caiteachas agus Ioncam do 2024 agus an Toradh Measta do 2023 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2024 | | | | 2023 | | | |
| | Caiteachas | | Ioncam | | Caiteachas | | Ioncam | |
| **Rannán & Seirbhísí** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **C Seirbhísí Uisce** | | | | | | | | |
| C01 Soláthar Uisce | 10,688,700 | 10,688,700 | 10,838,100 | 10,838,100 | 11,227,800 | 10,856,900 | 11,361,200 | 11,030,000 |
| C02 Cóireáil Fuíolluisce | 6,196,900 | 6,196,900 | 6,294,700 | 6,294,700 | 6,622,500 | 6,202,100 | 6,714,000 | 6,320,200 |
| C03 Táillí Uisce agus Fuíolluisce a Bhailiú | - | - | - | - | - | - | - | - |
| C04 Fóntais Phoiblí | 1,027,200 | 1,027,200 | 9,900 | 9,900 | 876,600 | 850,400 | 10,100 | 10,500 |
| C05 Riarachán Grúpa agus Suiteálacha Príobháideacha | 15,200 | 15,200 | 15,000 | 15,000 | 15,400 | 15,400 | 15,000 | 15,000 |
| C06 Tacaíocht don Chlár Caipitil Uisce | 353,700 | 353,700 | 364,400 | 364,400 | 449,700 | 457,300 | 457,800 | 467,800 |
| C07 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inchúitithe | - | - | - | - | - | - | - | - |
| C08 Seirbhísí Uisce agus Sláintíochta an Údaráis Áitiúil | 2,086,200 | 2,086,200 | 122,800 | 122,800 | 2,177,400 | 1,586,200 | 106,800 | 118,100 |
| **Rannán C Iomlán** | **20,367,900** | **20,367,900** | **17,644,900** | **17,644,900** | **21,369,400** | **19,968,300** | **18,664,900** | **17,961,600** |

| TÁBLA B: Caiteachas agus Ioncam do 2024 agus an Toradh Measta do 2023 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2024 | | | | 2023 | | | |
| | Caiteachas | | Ioncam | | Caiteachas | | Ioncam | |
| **Rannán & Seirbhísí** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **D Bainistíocht Forbartha** | | | | | | | | |
| D01 Pleanáil Don Todhchaí | 3,172,300 | 3,172,300 | 67,400 | 67,400 | 3,541,600 | 3,348,600 | 72,700 | 75,800 |
| D02 Bainistíocht Forbartha | 9,668,200 | 9,668,200 | 1,887,200 | 1,887,200 | 9,504,100 | 10,686,000 | 1,767,000 | 2,841,000 |
| D03 Fógra Forfheidhmithe | 1,088,600 | 1,088,600 | 57,500 | 57,500 | 796,200 | 981,600 | 66,900 | 75,400 |
| D04 Áiseanna Tionscail agus Tráchtála | 1,176,700 | 1,176,700 | 27,700 | 27,700 | 880,800 | 985,200 | 22,000 | 22,600 |
| D05 Forbairt agus Cur Chun Cinn na Turasóireachta | 984,000 | 984,000 | 10,800 | 10,800 | 1,532,500 | 609,900 | 104,400 | 12,800 |
| D06 Feidhm Pobail agus Fiontair | 2,181,500 | 2,181,500 | 424,200 | 424,200 | 2,308,500 | 2,261,800 | 619,800 | 459,400 |
| D07 Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe | - | - | - | - | - | - | - | - |
| D08 Rialú Tógála | 2,139,100 | 2,139,100 | 287,000 | 287,000 | 2,101,100 | 2,142,700 | 304,200 | 266,000 |
| D09 Forbairt agus Cur Chun Cinn Eacnamaíoch | 6,955,500 | 6,955,500 | 2,795,200 | 2,795,200 | 6,116,700 | 7,263,400 | 2,048,000 | 3,417,800 |
| D10 Bainistíocht Mhaoine | 1,936,600 | 1,936,600 | 763,500 | 763,500 | 1,769,800 | 2,195,500 | 703,000 | 790,000 |
| D11 Seirbhísí Oidhreachta agus Caomhnaithe | 1,332,700 | 1,332,700 | 822,700 | 822,700 | 1,072,100 | 1,249,300 | 311,700 | 821,900 |
| D12 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inchúitithe | - | - | - | - | - | - | - | - |
| **Rannán D Iomlán** | **30,635,200** | **30,635,200** | **7,143,200** | **7,143,200** | **29,623,400** | **31,724,000** | **6,019,700** | **8,782,700** |

| TÁBLA B: Caiteachas agus Ioncam do 2024 agus an Toradh Measta do 2023 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2024 | | | | 2023 | | | |
| | Caiteachas | | Ioncam | | Caiteachas | | Ioncam | |
| Rannán & Seirbhísí | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Measta ag an bPríomhfheidhmeannach € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Measta ag an bPríomhfheidhmeannach € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € |
| **E Seirbhísí Comhshaoil** | | | | | | | | |
| E01 Oibriú Líonadh Talún agus Iarchúram | 3,070,800 | 3,070,800 | 34,100 | 34,100 | 4,237,600 | 3,023,000 | 33,200 | 34,600 |
| E02 Oibríochtaí Saoráidí Aisghabhála & Athchúrsála | 3,919,200 | 3,919,200 | 1,929,000 | 1,929,000 | 3,806,100 | 4,001,100 | 2,420,000 | 1,757,400 |
| E03 Oibríochtaí Áiseanna Dramhaíola go Fuinneamh | 904,100 | 904,100 | 4,750,000 | 4,750,000 | 865,100 | 903,900 | 3,870,000 | 5,099,700 |
| E04 Soláthar Seirbhísí Dramhaíola go Bailiúcháin | - | - | - | - | - | - | - | - |
| E05 Bainistíocht Bruscair | 1,799,000 | 1,799,000 | 126,800 | 126,800 | 1,733,500 | 1,568,300 | 124,700 | 132,000 |
| E06 Glanadh Sráide | 8,867,500 | 8,867,500 | 212,500 | 212,500 | 8,946,300 | 8,404,000 | 212,000 | 220,900 |
| E07 Rialacháin Dramhaíola, Monatóireacht agus Forfheidhmiú | 1,572,000 | 1,572,000 | 395,500 | 395,500 | 1,584,300 | 1,287,400 | 451,500 | 397,600 |
| E08 Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola | 346,100 | 346,100 | 114,000 | 114,000 | 281,600 | 292,300 | 104,600 | 99,100 |
| E09 Cothabháil Reiligí | 2,866,300 | 2,866,300 | 1,254,100 | 1,254,100 | 2,359,000 | 2,744,800 | 1,257,100 | 1,259,400 |
| E10 Sábháilteacht de Struchtúir agus Áiteanna | 1,322,400 | 1,322,400 | 27,400 | 27,400 | 1,192,200 | 1,279,600 | 28,100 | 29,300 |
| E11 Oibriú na Seirbhíse Dóiteáin | 25,347,600 | 25,347,600 | - | - | 24,842,700 | 24,558,300 | - | - |
| E12 Cosc Dóiteáin | 325,200 | 325,200 | 1,005,000 | 1,005,000 | 219,900 | 245,500 | 954,700 | 1,014,900 |
| E13 Cáilíocht Uisce, Truailliú Aeir agus Torainn | 2,700,000 | 2,700,000 | 1,583,800 | 1,583,800 | 2,556,400 | 2,357,500 | 1,564,400 | 1,239,700 |
| E14 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inchúitithe | - | - | - | - | - | - | - | - |
| E15 Athrú Aeráide & Tuilte | 1,083,400 | 1,083,400 | 17,600 | 17,600 | 1,076,300 | 1,082,600 | 18,700 | 19,400 |
| **Rannán E Iomlán** | **54,123,600** | **54,123,600** | **11,449,800** | **11,449,800** | **53,701,000** | **51,748,300** | **11,039,000** | **11,304,000** |

| TÁBLA B: Caiteachas agus Ioncam do 2024 agus an Toradh Measta do 2023 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2024 | | | | 2023 | | | |
| | Caiteachas | | Ioncam | | Caiteachas | | Ioncam | |
| **Rannán & Seirbhísí** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **F Áineas agus Conláistí** | | | | | | | | |
| F01 Oibríochtaí Saoráidí Fóillíochta | 773,500 | 773,500 | 363,100 | 363,100 | 726,300 | 698,000 | 289,300 | 289,600 |
| F02 Oibriú na Seirbhíse Leabharlainne agus Cartlainne | 18,256,600 | 18,256,600 | 733,600 | 733,600 | 17,662,300 | 17,375,100 | 654,500 | 495,700 |
| F03 Oibríochtaí Limistéir Fóillíochta Allamuigh | 27,794,500 | 27,794,500 | 1,483,700 | 1,483,700 | 25,880,800 | 26,509,500 | 1,230,300 | 1,590,600 |
| F04 Forbairt Spóirt agus Áineasa Pobail | 10,919,400 | 10,919,400 | 2,366,300 | 2,366,300 | 8,672,700 | 10,654,800 | 1,094,800 | 1,590,800 |
| F05 Feidhmiú an Chláir Ealaíon | 12,516,900 | 12,516,900 | 1,005,800 | 1,005,800 | 9,823,200 | 12,400,800 | 190,300 | 306,200 |
| F06 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inchúitithe | - | - | - | - | - | - | - | - |
| **Rannán F Iomlán** | **70,260,900** | **70,260,900** | **5,952,500** | **5,952,500** | **62,765,300** | **67,638,200** | **3,459,200** | **4,272,900** |

| TÁBLA B: Caiteachas agus Ioncam do 2024 agus an Toradh Measta do 2023 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2024 | | | | 2023 | | | |
| | Caiteachas | | Ioncam | | Caiteachas | | Ioncam | |
| **Rannán & Seirbhísí** | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Measta ag an bPríomhfheidhmeannach € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Measta ag an bPríomhfheidhmeannach € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € |
| **G Talmhaíocht, Bia & Mara** | | | | | | | | |
| G01 Costais Draenála Talún | - | - | - | - | - | - | - | - |
| G02 Oibriú agus Cothabháil Céanna agus Cuanta | 585,200 | 585,200 | 32,000 | 32,000 | 502,100 | 1,048,100 | 7,100 | 7,400 |
| G03 Cosaint Cósta | - | - | - | - | - | - | - | - |
| G04 Seirbhís Tréidliachta | 1,034,500 | 1,034,500 | 342,700 | 342,700 | 1,024,000 | 1,082,300 | 303,900 | 353,700 |
| G05 Seirbhísí Tacaíochta Oideachais | 116,500 | 116,500 | 43,000 | 43,000 | 95,100 | 108,800 | 43,200 | 43,200 |
| G06 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inchúitithe | - | - | - | - | - | - | - | - |
| **Rannán G Iomlán** | **1,736,200** | **1,736,200** | **417,700** | **417,700** | **1,621,200** | **2,239,200** | **354,200** | **404,300** |

| TÁBLA B: Caiteachas agus Ioncam do 2024 agus an Toradh Measta do 2023 | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2024 | | | | 2023 | | | |
| | Caiteachas | | Ioncam | | Caiteachas | | Ioncam | |
| **Rannán & Seirbhísí** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **I Seirbhísí Ilghnéitheacha** | | | | | | | | |
| H01 Cuntas Innealra Brabúis & Caillteanais | - | - | - | - | - | - | - | - |
| H02 Cuntas Stór Brabúis & Caillteanais | 415,900 | 415,900 | - | - | 414,400 | 424,500 | - | - |
| H03 Rátaí a Riaradh | 19,371,000 | 19,371,000 | 4,043,900 | 4,043,900 | 20,556,200 | 21,549,600 | 1,051,500 | 2,959,700 |
| H04 Costais Toghchórais | 888,100 | 888,100 | 101,100 | 101,100 | 539,500 | 552,400 | 11,900 | 12,500 |
| H05 Speansais Marbhlainne agus Cróinéara a oibriú | - | - | - | - | - | - | - | - |
| H06 Droichid Mheáchain | 26,400 | 26,400 | - | - | 30,500 | 28,000 | - | - |
| H07 Margaí agus Trádáil Ócáideach a Oibriú | 1,100 | 1,100 | 70,500 | 70,500 | 1,000 | - | 71,000 | 70,400 |
| H08 Damáiste Mhailíseach | - | - | - | - | - | - | - | - |
| H09 Ionadaíocht Áitiúil & Ceannaireacht Shibhialta | 3,070,400 | 3,070,400 | 407,200 | 407,200 | 2,911,000 | 2,961,400 | 23,000 | 415,400 |
| H10 Mótarcháin | - | - | - | - | - | - | - | - |
| H11 Seirbhísí Gníomhaireachta & Inchúitithe | 652,300 | 652,300 | 24,759,200 | 24,759,200 | 688,400 | 691,100 | 23,520,300 | 26,039,100 |
| **Rannán H Iomlán** | **24,425,200** | **24,425,200** | **29,381,900** | **29,381,900** | **25,141,000** | **26,207,000** | **24,677,700** | **29,497,100** |
| **FORIOMLÁN** | **361,897,200** | **361,897,200** | **190,386,800** | **190,386,800** | **333,748,700** | **343,748,200** | **168,638,700** | **179,121,900** |

| TÁBLA C - COIGEARTÚ BUNLÍNE A RÍOMH | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| | (i) | (ii) | (iii) | (iv) | (v) |
| Údarás Rátála | Ráta Bliantúil ar Luacháil 2024 € | ARV éifeachtach (Glan de BYA) 2024 € | Coigeartú Bonnbhliana 2024 € | Glanluacháil Éifeachtach € | Luach an Choigeartaithe Bhonnbhliana € |
| **Comhairle Contae Fhine Gall** | - <br> - | - | - | - | - |
| IOMLÁN | | | | - | - |

| Tábla D | | |
|---|---|---|
| **ANAILÍS AR IONCAM BUISÉID 2024 Ó EARRAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ** | | |
| **Foinse Ioncaim** | **2024**<br>**€** | **2023**<br>**€** |
| Cíosanna ó Thithe | 26,783,600 | 26,590,900 |
| Iasachtaí Tithíochta Ús & Táillí | 4,016,900 | 3,163,700 |
| Fíneálacha & Táillí Páirceála | 2,000,000 | 2,012,000 |
| Uisce Éireann | 15,586,300 | 16,331,000 |
| Táillí Pleanála | 1,790,300 | 1,690,300 |
| Muirir Dhramhaíl Teaghlaigh | 1,256,000 | 1,725,300 |
| Muirir Dhramhaíl Tráchtála | - | - |
| Muirir Líonadh Talún | - | - |
| Táillí Dóiteáin | 1,000,000 | 950,000 |
| Áineas/Taitneamhacht/Cultúr | 706,200 | 606,000 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta & Oibreacha Inaisíoctha | - | - |
| Ranníocaíochtaí ó Údaráis Áitiúla | 5,374,800 | 4,415,800 |
| Aoisliúntas | 2,164,500 | 2,400,100 |
| NPPR | 400,000 | 400,000 |
| Ioncam eile | 23,940,900 | 19,861,000 |
| **Earraí & Seirbhísí Iomlána** | **85,019,500** | **80,146,100** |

| Tábla E | | |
|---|---|---|
| **ANAILÍS AR IONCAM BUISÉID 2024 Ó DHEONTAIS & FÓIRDHEONTAIS** | | |
| | **2024**<br>**€** | **2023**<br>**€** |
| **An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta** | | |
| Tithíocht agus Foirgneamh | 74,374,100 | 63,713,700 |
| Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre | 3,914,400 | 3,914,400 |
| Seirbhísí Uisce | 1,431,000 | 1,685,400 |
| Bainistíocht Forbartha | 870,000 | 87,500 |
| Seirbhísí Comhshaoil | - | - |
| Áineas agus Conláistí | 75,000 | 75,000 |
| Talmhaíocht, Bia & Mara | - | - |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | 14,407,100 | 12,999,700 |
| **Fo-iomlán** | **95,071,600** | **82,475,700** |
| **Ranna agus Comhlachtaí Eile** | | |
| TII Bonneagar Iompair Éireann | 855,000 | 540,000 |
| Na Meáin, Turasóireacht, Ealaíon, Cultúr, Spórt & an Ghaeltacht | - | 255,000 |
| An tÚdarás Náisiúnta Iompair | 1,025,500 | 980,200 |
| Coimirce Shóisialta | - | - |
| Cosaint | - | - |
| Oideachas | - | - |
| Comhairle na Leabharlainne | - | - |
| An Chomhairle Ealaíon | 50,000 | 50,000 |
| Iompar | - | - |
| Ceartas | - | - |
| Talmhaíocht, Bia ,& Mara | 20,000 | 7,500 |
| Fiontar, Trádáil & Fostaíocht | 1,557,400 | 1,594,200 |
| Forbairt Tuaithe & Phobail | 956,100 | 480,900 |
| Comhshaol, Aeráid & Cumarsáid | 471,900 | 460,000 |
| Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann | - | - |
| Eile | 5,359,800 | 1,649,100 |
| **Fo-iomlán** | **10,295,700** | **6,016,900** |
| **Deontais & Fóirdheontais Iomlána** | **105,367,300** | **88,492,600** |

**Comhairle Contae Fhine Gall**
Fingal County Council

# Buiséad Reachtúil

## TÁBLAÍ F
## CAITEACHAS AGUS IONCAM

**RANNÓGA A-H**



# Rannán A
# TITHÍOCHT & FOIRGNEAMH

Cinntíonn an Roinn Tithíochta go bhfuil tithíocht ar fáil do na daoine is leochailí sa tsochaí, soláthraíonn sí tacaíocht tithíochta sóisialta dóibh siúd nach bhfuil in ann cóiríocht a sholáthar dóibh féin as a n-acmhainní féin agus soláthraíonn sí seirbhísí do thionóntaí na Comhairle, dóibh siúd a bhfuil riachtanas tithíochta acu agus do theaghlaigh phríobháideacha.

Cuireann an Roinn Tithíochta Beartas Tithíochta an Rialtais i bhfeidhm, lena n-áirítear Tithíocht do Chách, Plean Nua Tithíochta d'Éirinn ina sainaithnítear ceithre bhealach chun na ceithre chuspóir uileghabhálacha atá leagtha amach sa Phlean a bhaint amach. Tacaíonn an buiséad ioncaim le soláthar seirbhísí faoi na ceithre bhealach seo:

- Tacú le húinéireacht tithe agus inacmhainneacht a mhéadú;
- Deireadh a chur le heaspa dídine, seachadadh tithíochta sóisialta a mhéadú agus tacú le cuimsiú sóisialta;
- Soláthar tithíochta nua a mhéadú;
- Aghaidh a thabhairt ar fholús agus úsáid éifeachtach an stoic reatha.

**TITHE NA nÚDARÁS ÁITIÚIL A BHAINISTIÚ AGUS A CHOTHABHÁIL**
Tá stoc tithíochta sóisialta na Comhairle ag méadú gach bliain mar gheall ar mhaoin

bhreise atá á gcur ar fáil faoin bpíblíne soláthair Tithíochta. Chomh maith le tógáil dhíreach Chomhairle Contae Fhine Gall, faightear réadmhaoin trí éadálacha aonuaire agus trí sheachadadh Chuid V i bhforbairtí príobháideacha. Dá réir sin, tá bainistíocht, cothabháil agus infhaighteacht seirbhísí sofhreagracha bainistíochta eastáit ríthábhachtach chun pobail inbhuanaithe a thógáil.

Déanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall níos mó ná 6,600 teach in 2024 a bhainistiú agus a chothabháil agus táimid ag súil le déileáil le 15,000 iarratas cothabhála. Cuirfimid seirbhís bhliantúil ar fáil freisin do thart ar 5,000 suiteáil téimh tí, lena n-áirítear coirí gáis agus ola agus córais téimh in-athnuaite laistigh den stoc nua.

Is tosaíocht é deisiú agus ligean ar cíos tithe neamháitithe agus meastar, ar an meán, go mbeidh timpeall 98% dár dtithe Comhairle á n-áitiú ag tráth ar bith le linn 2024.

Tá soláthar suntasach ioncaim de €2.75m déanta in 2024 chun an Clár Oibreacha Caipitil a mhaoiniú dár stoc tithíochta.

Tá sé beartaithe ag an gComhairle obair chothabhála choisctheach a dhéanamh a bhaineann le péintéireacht agus roinnt oibreacha siúinéireachta ar suas le 920 teach le linn 2024. Tabharfar faoi athsholáthar coirí ar bhonn éigeandála freisin. Leanfar le hoibreacha chun comhlíonadh na gcaighdeán tithíochta a chinntiú. Chomh maith leis na hoibreacha seo, díríonn an Clár Aisfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh (EERP) ar a chinntiú go n-uasghrádaítear creatlach an tí agus áirítear insliú áiléir/ballaí cuais agus insliú balla seachtrach, athsholáthar fuinneoga agus doirse, suiteáil teaschaidéil agus oibreacha coimhdeacha.

**BAINISTIÚ EASTÁIT**

Rinne an Rannóg Bainistíochta Eastát seacht gCúrsa Ionduchtaithe do Thionóntaí in 2023 ar ar fhreastail gach tionónta nua de chuid na Comhairle. Leanfaimid ag cur na cúrsaí seo ar fáil in 2024. Bíonn an Rannóg Bainistíochta Eastát ag plé le gach tionónta nua de chuid na Comhairle chun tionóntaí a spreagadh le páirt ghníomhach a ghlacadh i gcothú agus i gcuma a n-eastáit. Oibríonn an Chomhairle go dlúth le gníomhaireachtaí seachtracha agus páirtithe leasmhara mar iarracht chun iompar frithshóisialta inár n-eastáit a chosc, a laghdú agus a dhíchur agus chun na torthaí is fearr a bhaint amach do na cónaitheoirí agus dá bpobail. D'fhéadfadh go n-áireofaí oibreacha ar nós plandú crann, cóireáil teorann agus baint graifítí mar chuid d'fheabhsú eastáit.

**CÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL**

Deimhníodh le Comhaireamh Bliantúil 2022 de Theaghlaigh an Lucht Siúil go bhfuil 567 teaghlach den Lucht Siúil ina gcónaí i bhFine Gall.  Ghlac an Chomhairle leis an gClár um Chóiríocht don Lucht Siúil 2019-2024 in 2019 agus leanaimid ar aghaidh leis an gclár oibreacha agus tionscadal sin a chur chun cinn.  Aithníonn an Chomhairle an Lucht Siúil mar ghrúpa mionlaigh agus déanann sí a dícheall lóistín atá feiliúnach ó thaobh an chultúir de a sholáthar, ag freastal ar aon sainriachtanais shóisialta dár saoránaigh atá ina mball den Lucht Siúil.

Chomh maith le maoiniú Caipitil, tá figiúr de €2.5m curtha ar fáil chun ár stoc sonrach don Lucht Siúil a bhainistiú agus a chothabháil.

**SEIRBHÍSÍ DO DHAOINE GAN DÍDEAN**

Is seirbhís chomhroinnte é Feidhmeannas Réigiún Bhaile Átha Cliath do Dhaoine gan Dídean a fheidhmíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar an príomhúdarás reachtúil i Réigiún Bhaile Átha Cliath chun an fhreagairt réigiúnach ar easpa dídine a chomhordú.  Leanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall, ag obair le hÚdaráis Áitiúla eile i mBaile Átha Cliath agus le Feidhmeannacht Réigiún Bhaile Átha Cliath do Dhaoine gan Dídean, ag cur an bheartais reatha i bhfeidhm agus oibreoidh siad i dtreo cuspóirí easpa dídine a chur i bhfeidhm agus easpa dídine a mhaolú. Tá caiteachas de €2.5m sa bhuiséad don tseirbhís seo in 2024.

Leanadh le dul chun cinn suntasach a dhéanamh le linn 2023, agus leanfar ar aghaidh go dtí 2024, chun cabhrú le teaghlaigh agus daoine aonair i bhFine Gall, atá gan dídean nó i mbaol a bheith gan dídean, teach a fháil.  Táthar ag súil, faoi dheireadh na bliana 2023, go laghdófar a gcúinsí gan dídean thart ar 300 teaghlach trí bhealaí éagsúla tacaíochta tithíochta sóisialta lena n-áirítear Scéim ÍCT Réigiún Bhaile Átha Cliath do Dhaoine gan Dídean.

Leanfar de Sheirbhísí Tacaíochta a sholáthar d'iarrthóirí gan dídean nuair a ghlacann siad le tionóntacht trí sheirbhísí tacaíochta éagsúla do thionóntaí cosúil le Support to Live Independently (SLÍ) arna fheidhmiú ag Clann Shíomóin Bhaile Átha Cliath, Focus Ireland Tenancy Sustainment, HAIL (Housing Association for Integrated Living) agus Tús Áite do Thithíocht. Leithdháiltear tionóntachtaí for-rochtana freisin ar iarratasóirí gan dídean agus leochaileacha i gcomhar le Cumann Tithíochta Sophia, Peter McVerry Trust, Novas, Respond agus Anew.

Oibríonn Threshold chun tionóntachtaí a chosaint agus a choinneáil trí fhaisnéis a sholáthar dóibh siúd atá i mbaol a dteach a chailleadh i mBaile Átha Cliath. Is féidir teagmháil a dhéanamh le seirbhísí tairsí tríd a seirbhís uimhir SAOR IN AISCE (1800 454 454).

Leanann Feidhmeannas Réigiún Bhaile Átha Cliath do Dhaoine gan Dídean ar aghaidh ag déanamh Comhaireamh débhliantúil na na nDaoine a bhíonn ag Codladh Amuigh i gcomhar leis na Foirne For-rochtana agus Comhairle Contae Fhine Gall.

**ÍOCAÍOCHT CÚNAIMH TITHÍOCHTA**

Príomhthosaíocht Rialtais is ea cur i bhfeidhm na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta (ÍCT). Ó tugadh isteach an scéim an 1 Márta 2017 cuireadh 6087 tionóntacht san iomlán, lena n-áirítear ÍCT do Dhaoine gan Dídean, i bhfeidhm suas go dtí deireadh Mheán Fómhair 2023.

Leanfaidh an fhoireann ÍCT ag cabhrú le hiarratasóirí socruithe tionóntachta ÍCT a chur i bhfeidhm le linn 2024.

**COMHLACHT CEADAITHE TITHÍOCHTA**

Tá ról tábhachtach i gcónaí ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna) i seachadadh na tithíochta sóisialta agus leanann an Chomhairle ar aghaidh ag obair i gcomhpháirtíocht lenár gcomhpháirtithe CCT chun seachadadh a mhéadú tríd an tSaoráid Réamh-Léasaithe Caipitil, Morgáiste ar Cíos agus Scéimeanna Cúnaimh Chaipitil.

Tá tógáil agus léasú tithe nua, ag baint úsáide as airgeadas príobháideach agus Comhaontuithe Íocaíochta agus Infhaighteachta, ríthábhachtach chun soláthar tithíochta sóisialta a mhéadú do CTCanna. Tá €39.7m curtha ar fáil do 2024. Ina theannta sin, nuair is cuí, oibreoidh an Chomhairle i gcomhar le CTCanna chun soláthar teaghaisí príobháideacha nuathógtha faoi Chuid V a éascú.

Leanann an Chomhairle ag ligean tithe inacmhainne neamhdhíolta ar léas le CTCanna mar a fhoráiltear i gCiorclán AHS/1/2009. Tá meitheal inmheánach bunaithe ag an DHLGH chun machnamh a dhéanamh ar straitéis fhadtéarmach do mhaoin inacmhainne neamhdhíolta.

**CIGIREACHTAÍ PRÍOBHÁIDEACHA AR CÍOS**

Tá feidhm reachtúil ag an gComhairle iniúchtaí a dhéanamh ar Mhaoin Phríobháidigh ar Cíos laistigh dá limistéar riaracháin agus tá soláthar de €1,030,200 déanta in 2024 don chlár iniúchtaí atá beartaithe.

**CÍOSANNA DIFREÁLACHA**

Faoi Scéim Cíosanna Difreálacha na Comhairle, ríomhtar cíosanna tithe na Comhairle mar chomhréir (12%) den ghlanioncam inmheasúnaithe. Tá an Chomhairle ag súil le hioncam de €21.7mó thithe údaráis áitiúil ar cíos in 2024.

**IASACHTAÍ BAILE**

Riarann Rannóg na nIasachtaí iasachtaí ceannaigh tithe agus bainistíonn sí breis is 1,700 cuntas gníomhach morgáiste a bhfuil luach leabhair iasachta reatha de €138m orthu. Tá an Buiséad ag súil le bailiú €4.7m in ús iasachta agus MARP (Próiseas Réitigh Riaráistí Morgáiste) le linn 2024.

Tá an-tóir i gcónaí ar an Iasacht Tí Údaráis Áitiúil (LAHL), an iasacht tí faoi stiúir an rialtais atá ar fáil d'iarratasóirí ionchasacha. San iomlán fuarthas 472 iarratas LAHL. D'eisigh an Chomhairle Faomhadh Iasachta i bPrionsabal dar luach iomlán €28.4m in Iasachtaí Tí Údaráis Áitiúil ó tugadh isteach an scéim i mí Eanáir 2022.

Déanann Rannóg na nIasachtaí riaráistí iasachtaí a bhainistiú freisin de réir an Phróisis Réitigh Riaráistí Morgáiste (MARP). Is féidir le hiasachtaithe a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu iarratas a dhéanamh chun a n-aisíocaíocht morgáiste míosúil a athsceidealú ar feadh tréimhse shonraithe.

**DEONTAS ATHCHÓIRITHE UM THITHE FOLMHA**

Leanadh leis an gcur chun cinn den Deontas Athchóirithe Croí Cónaithe (Tithe Folmha). Mar thoradh ar leasuithe ar na critéir incháilitheachta don scéim in 2023 tá méadú ar líon na n-iarratas agus na gceaduithe deontais. Go dtí seo, tá 75 iarratas faighte agus 34 deontas ceadaithe. Tá soláthar de €1.6m curtha ar fáil sa Bhuiséad 2024.

**DEONTAIS OIRIÚNAITHE TITHÍOCHTA DO DHAOINE SCOTHAOSTA AGUS DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS**

Tá trí Scéim Deontais Oiriúnaithe Tithíochta ann do Dhaoine Scothaosta agus do Dhaoine faoi Mhíchumas a bhfuil ina gcónaí in áit chónaithe phríobháideach. Tháinig na scéimeanna deontais seo i bhfeidhm i mí na Samhna 2007 agus leasaíodh iad le rialacháin i mí Feabhra 2014.

Tá na Scéimeanna faoi réir tástála acmhainne agus athraíonn leibhéil na ndeontas bunaithe ar bhandaí ioncaim. Faomhadh 290 iarratas ar dheontais go deireadh Mheán Fómhair 2023. Tá €3.5m curtha ar fáil do Dheontais Oiriúnaithe Tithíochta sa Bhuiséad Ioncaim 2024.

**CÁIN MAOINE ÁITIÚIL & CÁIN UM THITHE FOLMHA**

Tá Comhairle Contae Fhine Gall faoi dhliteanas Cáin Mhaoine Áitiúil a íoc ar gach maoin tithíochta sóisialta. Tá maoin uile na Comhairle i mBanda Luachála 1 €0 - €200,000.

Beidh Comhairle Contae Fhine Gall faoi dhliteanas freisin as an gCáin ar Thithe Folamh ar réadmhaoine tithíochta sóisialta a bhí in úsáid mar áit chónaithe ar feadh níos lú ná 30 lá sa tréimhse ón 1 Samhain 2022 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2023.

Tá figiúr de €450,000 curtha ar fáil chun an Cháin Mhaoine Áitiúil agus an Cháin ar Thithe Folamh a íoc in 2024.

**COSTAIS TACAÍOCHTA SEIRBHÍSE**


Áirítear le gach rannán cionroinnt ar chostais ghinearálta riaracháin agus forchostais nach ndéantar a mhuirearú go díreach ar rannán ar leith. Déantar na costais seo a ghrúpáil mar 'chostais tacaíochta seirbhíse' agus áirítear leo speansais chóiríochta oifige, tuarastail nach ndéantar a mhuirearú go díreach ar rannán ar leith, pinsin, aiscí scoir, seirbhísí ríomhaireachta, costais dlí, postas, teileafón, clódóireacht, stáiseanóireacht agus fógraíocht.

Leithdháileadh na forchostais seo ar Rannáin agus ar Sheirbhísí ar bhonn tiománaithe costais náisiúnta.

# A – Tithíocht & Foirgneamh


## Caiteachas

| | | |
|---|---|---|
| A01 | Cothabháil & Feabhsú Aonaid Tithíochta ÚÁ | €15,064,800 |
| A02 | Measúnú, Leith dháileadh agus Aistriú Tithíochta | €2,281,800 |
| A03 | Riarachán Cíosa Tithíochta agus Ceannaigh ag Tionóntaí | €2,337,400 |
| A04 | Tacaíocht Forbartha Pobail Tithíochta | €2,470,300 |
| A05 | Riar Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean | €3,622,300 |
| A06 | Tacaíocht don Chlár Caipitil Tithíochta | €11,033,900 |
| A07 | Ras & Clár Léasaithe | €63,598,800 |
| A08 | Iasachtaí Tithíochta | €5,875,700 |
| A09 | Deontais Tithíochta | €5,850,100 |
| A11 | Seirbhísí Gníomhaireachta & Inchúitithe | €4,307,300 |
| A12 | Clár ÍCT | €756,100 |
| | | **€117,198,500** |




## Ioncam

| | |
|---|---|
| Deontais RTRÁO (Iena n-áirítear Deontais & Fóirdheontais Eile) | €76,498,300 |
| Cíos ó Thithe | €26,783,600 |
| Iasachtaí Tithíochta, Ús & Táilí | €4,016,900 |
| Ioncam Eile | €803,600 |
| Ranníocaíochtaí ó Údaráis Áitiúla | €400,000 |
| Aoisliúntas | €280,500 |
| | **€108,782,900** |



| Tábla F - Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannán A – Tithíocht agus Foirgneamh** | | | | |
| **Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fo-Sheirbhíse** | **2024** | | **2023** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| A0101 Cothabháil Aonaid Tithíochta an ÚA | 9,798,000 | 9,798,000 | 9,499,000 | 9,804,000 |
| A0102 Cothabháil Aonaid Cóiríochta don Lucht Siúil | 1,869,100 | 1,869,100 | 1,945,600 | 1,817,400 |
| A0103 Bainistíocht Cóiríochta don Lucht Siúil | 1,476,200 | 1,476,200 | 872,800 | 1,471,900 |
| A0104 Cothabháil Eastát | - | - | - | - |
| A0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,921,500 | 1,921,500 | 1,884,400 | 1,931,800 |
| **A01 Cothabháil & Feabhsú Aonaid Tithíochta ÚÁ** | **15,064,800** | **15,064,800** | **14,201,800** | **15,025,100** |
| A0201 Measúnú ar Riachtanais Tithíochta, Leithdháiltí. & Aistrithe. | 1,310,600 | 1,310,600 | 937,700 | 1,273,300 |
| A0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 971,200 | 971,200 | 921,800 | 934,700 |
| **A02 Measúnú Tithíochta, Leithdháileadh agus Aistriú** | **2,281,800** | **2,281,800** | **1,859,500** | **2,208,000** |
| A0301 Bainistíocht Fiachais & Measúnú Cíosa | 1,141,700 | 1,141,700 | 1,071,100 | 1,183,600 |
| A0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,195,700 | 1,195,700 | 1,183,200 | 1,145,100 |
| **A03 Riarachán Chíos Tithíochta agus Ceannach Tionóntaí** | **2,337,400** | **2,337,400** | **2,254,300** | **2,328,700** |
| A0401 Bainistiú Eastáit Tithíochta | 625,300 | 625,300 | 741,600 | 657,700 |
| A0402 Bainistíocht Tionóntachtaí | 639,600 | 639,600 | 522,600 | 535,400 |
| A0403 Seirbhís Tithíochta Sóisialta agus Pobal | - | - | - | - |
| A0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,205,400 | 1,205,400 | 1,168,700 | 1,182,700 |
| **A04 Tacaíocht Forbartha Pobail Tithíochta** | **2,470,300** | **2,470,300** | **2,432,900** | **2,375,800** |
| A0501 Deontais do Dhaoine gan dídean Comhlachtaí Eile | 3,140,100 | 3,140,100 | 3,098,500 | 3,187,200 |
| A0502 Seirbhís Gan dídean | - | - | - | - |
| A0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 482,200 | 482,200 | 445,700 | 459,800 |
| **A05 Riarachán Seirbhíse do Dhaoine gan Dídean** | **3,622,300** | **3,622,300** | **3,544,200** | **3,647,000** |
| A0601 Tacaíocht Theicniúil agus Riaracháin | 3,412,900 | 3,412,900 | 2,901,100 | 2,926,700 |
| A0602 Muirir Iasachta | 5,568,300 | 5,568,300 | 5,049,900 | 5,521,000 |
| A0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 2,052,700 | 2,052,700 | 1,965,500 | 1,990,700 |
| **A06 Tacaíocht don Chlár Caipitil Tithíochta** | **11,033,900** | **11,033,900** | **9,916,500** | **10,438,400** |
| A0701 Oibríochtaí RAS | 6,779,200 | 6,779,200 | 7,011,300 | 6,904,600 |
| A0702 Léasú Fadtéarmach | 13,018,100 | 13,018,100 | 11,702,000 | 11,677,300 |
| A0703 Íocaíocht & Infhaighteacht | 39,653,600 | 39,653,600 | 32,364,200 | 31,725,500 |
| A0704 Léasanna Inacmhainne | 2,089,700 | 2,089,700 | 1,185,500 | 1,970,900 |
| A0799 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 2,058,200 | 2,058,200 | 1,945,100 | 2,023,300 |
| **A07 RAS & Clár Léasaithe** | **63,598,800** | **63,598,800** | **54,208,100** | **54,301,600** |
| A0801 Ús Iasachta agus Muirir Eile | 4,736,800 | 4,736,800 | 4,075,900 | 4,519,500 |
| A0802 Iasachtaí Tithíochta Bainistíochta Fiachais | 119,000 | 119,000 | 113,000 | 91,100 |
| A0899 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,019,900 | 1,019,900 | 949,700 | 984,200 |
| **A08 Iasachtaí Tithíochta** | **5,875,700** | **5,875,700** | **5,138,600** | **5,594,800** |

| Tábla F - Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannán A – Tithíocht agus Foirgneamh** | | | | |
| **Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fo-Sheirbhíse** | **2024** | | **2023** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| A0901 Scéim Deontais Oiriúnaithe Tithe | 3,047,600 | 3,047,600 | 3,064,900 | 2,263,600 |
| A0902 Muirir Iasachta DPG/ERG | - | - | - | - |
| A0903 Deontais Deisiúcháin Riachtanaigh | 556,300 | 556,300 | 486,200 | 855,400 |
| A0904 Íocaíochtaí Deontas Tithíochta Eile | 1,699,800 | 1,699,800 | 500,000 | 479,900 |
| A0905 Deontais Tithíochta Áiseanna Soghluaisteachta | 175,200 | 175,200 | 200,000 | 90,400 |
| A0999 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 371,200 | 371,200 | 326,400 | 343,900 |
| **A09 Deontais Tithíochta** | **5,850,100** | **5,850,100** | **4,577,500** | **4,033,200** |
| A1101 Seirbhísí Gníomhaireachta & Infhorchúitithe | 4,066,800 | 4,066,800 | 1,876,000 | 3,872,100 |
| A1199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 240,500 | 240,500 | 228,500 | 237,000 |
| **A11 Seirbhísí Gníomhaireachta & Infhorchúitithe** | **4,307,300** | **4,307,300** | **2,104,500** | **4,109,100** |
| A1201 Costais Oibríochtaí HAP | - | - | - | - |
| A1202 Gníomhaireacht Seirbhísí HAP | - | - | - | - |
| A1299 Costais Tacaíochta Seirbhís HAP | 756,100 | 756,100 | 668,500 | 723,300 |
| **A12 Clár ÍCT** | **756,100** | **756,100** | **668,500** | **723,300** |
| **Rannán A Iomlán** | **117,198,500** | **117,198,500** | **100,906,400** | **104,785,000** |

| Tábla F - Ioncam | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannán A – Tithíocht agus Foirgneamh** | | | | |
| **Ioncam de réir Foinse** | **2024** | | **2023** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **Deontais & Fóirdheontais Rialtais** | | | | |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil & Oidhreacht | 74,374,100 | 74,374,100 | 63,713,700 | 63,086,400 |
| Eile | 2,124,200 | 2,124,200 | - | 1,991,200 |
| **Deontais & Fóirdheontas Rialtais Iomlána** | **76,498,300** | **76,498,300** | **63,713,700** | **65,077,600** |
| **Earraí & Seirbhísí** | | | | |
| Cíosanna ó Thithe | 26,783,600 | 26,783,600 | 26,590,900 | 26,742,300 |
| Iasachtaí Tithíochta Ús & Táillí | 4,016,900 | 4,016,900 | 3,163,700 | 3,951,500 |
| Aoisliúntas | 280,500 | 280,500 | 309,800 | 270,900 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta & Oibreacha Inaisíoctha | - | - | - | - |
| Ranníocaíochtaí ó Údaráis Áitiúla | 400,000 | 400,000 | 365,000 | 400,000 |
| Ioncam eile | 803,600 | 803,600 | 1,042,500 | 811,400 |
| **Earraí & Seirbhísí Iomlána** | **32,284,600** | **32,284,600** | **31,471,900** | **32,176,100** |
| **Rannán A Iomlán** | **108,782,900** | **108,782,900** | **95,185,600** | **97,253,700** |

# Rannán B
# IOMPAR & SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

**COTHABHÁIL BÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA**

Déantar soláthar do chlár inbhuanaithe leanúnach cothabhála agus feabhsúcháin ghinearálta ar an 1,275km de bhóithre réigiúnacha agus áitiúla sa Chontae. Áirítear leis seo cothabháil agus uasghrádú leanúnach ár mbóithre agus ár gcosáin phoiblí ag spreagadh an t-aistriú modha chuig siúl agus rothaíocht. Tá soláthar déanta do chothabháil droichid, deisiúcháin ar phoill, glanadh lintéir, cothabháil agus athsholáthar comharthaí bóthair agus ainmchláir, gearradh féir, bearradh gruaimhíní agus athnuachan marcanna agus rianairí bóthair.

**CLÁR ATHCHÓIRITHE DO BHÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA**

Tá athléimneacht ár mbóithre réigiúnacha agus áitiúla ar aon dul leis an Straitéis um Oiriúnú Aeráide ag leanúint ar aghaidh agus tá suim buiséid de €3.9m á sholáthar do 2024 ón Leithdháileadh Cánach Réadmhaoine Áitiúil chun clár d'oibreacha atógála bóithre, oibreacha athchóirithe dromchla agus cóiriú dromchla a mhaoiniú.

**BAINISTÍOCHT TRÁCHTA & SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE**

Tá Comhairle Contae Fine Gall tiomanta do shábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú ar fud an Chontae. Cuirtear é seo i bhfeidhm trí oideachas, measúnú agus meastóireacht agus bearta ceansaithe tráchta innealtóireachta éagsúla cosúil le rampaí, tógáil amach, mullaird srl. Tá na luasteorainneacha nua 30kph d'eastáit tithíochta rollaithe amach i ngach ceantar.

**SOILSIÚ POIBLÍ**

Is é an caiteachas atá beartaithe ar shoilsiú poiblí in 2024 ná €4.7m, miondealaithe mar €3.8m chun breis agus 34,000 solas poiblí a chothabháil sa Chontae lena n-áirítear soláthar fuinnimh do 2,400 solas agus soilsiú bealaí tráchta ar phríomhbhóithre náisiúnta an M1, an M2 agus an N3. Tá Soilse LED curtha in ionad 99% dár soilse poiblí, rud a fhágann go bhfuil an tseirbhís níos inbhuanaithe agus níos tíosaí ar fhuinneamh. Táthar ag cur soilse in ionad soilse i bPáirceanna Uile-Aimsire go LED freisin.

Tá soláthar de €216,000 curtha ar fáil do shoilsiú poiblí sa Chlár Oibre Ceantair do 2024 (€72,000 in aghaidh an limistéir). Déantar soláthar breise freisin in ioncam agus i gcaipiteal araon chun aghaidh a thabhairt ar iarratais ar shoilsiú i limistéir phoiblí tar éis measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht.

**PÁIRCEÁIL – SCÉIMEANNA ÍOC AGUS TAISPEÁINT**

Tá glanioncam de €1.1m buiséadaithe againn ó scéimeanna Íoc agus Taispeáin atá á bhfeidhmiú ag an gComhairle in 2024. I gceantair ina bhfuil go leor páirceáil carranna leithdháilfear limistéir um íoc agus taispeáin do pháirceáil rothar.

**CLÁR OIBRIÚCHÁIN OIBRE 2024**

Tá an Clár Oibriúcháin Oibre d'Oibreacha Speisialta, Trácht agus Soilsiú Poiblí do 2024 mar an gcéanna leis an gceann dá bhforáiltear in 2023, lena n-áirítear an soláthar 20% do bhoilsciú, agus tá sé léirithe sna figiúirí thuas. Déanann an fhoráil seo soláthar do bhóithre, do chosáin,

do bhearta tráchta agus do shoilsiú poiblí. Tabharfar an clár caiteachais sonrach ar ais chuig gach Coiste Limistéir lena fhormheas ag na Comhaltaí Limistéir i mí na Nollag 2023.

**GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE**

Aithníodh roinnt gníomhaíochtaí sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2024-2029 agus déantar foráil sa bhuiséad ioncaim d'fheabhsú agus d'ath-leithdháileadh bóithre agus spás sráide chun taisteal gníomhach a chur chun cinn agus chun an spás poiblí a fheabhsú le húsáid ag cách.

**TAISTEAL GNÍOMHACH**

Tá an tAonad um Thaisteal Gníomhach ag forbairt saoráidí siúil agus rothaíochta d'ardchaighdeán chun níos mó daoine a spreagadh le haistriú chuig taisteal gníomhach agus cuirfidh sé le maolú athrú aeráide atá ríthábhachtach. Tá maoiniú agus acmhainní tiomanta san áireamh i bPlean Forfheidhmithe 5 Bliana an ÚNI 2021-2025. Déantar soláthar don mhaoiniú don bhonneagar nua sa chlár Caipitil a chuirtear faoi bhráid na mball i mí Dheireadh Fómhair. Cuimsíonn an clár breis agus 40 Tionscadal Taistil Gníomhach. Tá maoiniú do thionscnaimh éagsúla um chur chun cinn agus um athrú iompraíochta san áireamh sa bhuiséad ioncaim.

**Sábháilteacht ar Bhóithre**

**Maoir Scoile**

Tá 117 Maor Scoile fostaithe ag Comhairle Contae Fhine Gall faoi láthair, cuimsíonn an figiúr seo 25 Maor Cúltaca.

Faoi láthair tá scoil amháin i gceantar Fhine Gall ag glacadh páirte sa **Scéim Maor Scoile Sóisearach**. Ghlac thart ar 40 dalta ó rang a 6 ó Scoil Náisiúnta an Rois páirt sa Scéim don bhliain acadúil 2022/23.

Tá sé beartaithe níos mó scoileanna a spreagadh le páirt a ghlacadh sa scéim sna blianta amach romhainn.

**Soghluaisteacht & Athrú Iompraíochta**

Tá ár mbeirt Oifigeach Rothaíochta agus Siúil a ceapadh in 2022 ag cur soghluaisteachta agus athrú iompraíochta chun cinn go gníomhach trí roinnt tionscnamh.

**Rothaíocht Gan Aois**

Tá an tionscnamh seo ag feidhmiú anois i bPáirc Caitríona, Baile Dúill, Seantrabh agus na Sceirí agus tá an-tóir air.

**Foghlaim Rothaíocht faoi Mhíchumas**

Bíonn ár gCúrsa um Fhoghlaim Rothaíocht faoi Mhíchumas ar siúl ar feadh na bliana le cúrsaí i nDomhnach Bat, i nGleann na hAbhann, i gCoill na nÚll, i mBaile an Phléimeannaigh, i gCois Bá-Cill Fhionntain agus sa Chorr Dhubh.

**Tá an tAonad Taistil Ghníomhaigh an-réamhghníomhach ag spreagadh baill an phobail le bheith níos gníomhaí agus a bheith eagraithe i measc rudaí eile**

- Ceachtanna Rothaíochta do Dhaoine Fásta
- Rothaíocht Phobail
- Grúpaí Siúlóide & Cainte
- Busanna Siúlóide & Rothaíochta

**Tá an Fhoireann Taistil Ghníomhaigh páirteach freisin i roinnt imeachtaí náisiúnta agus áitiúla a reáchtálfar i rith na bliana mar seo a leanas:**

- Seachtain na Rothar
- Seachtain Soghluaisteachta na hEorpa
- EDWARD
- Lá Domhanda Saor ó Ghluaisteáin
- Blasanna Fhine Gall
- Seachtain Gníomhaíochta Aeráide
- Seachtain na hOidhreachta
- Imeachtaí Spraoi Teaghlaigh i.e., Dioscó Rothar, Rothaíocht Daidí na Nollag, Lá Shráid na Scoile

**Comhroinnt Rothair**
Tá dhá oibreoir comhroinnte rothar againn i bhFine Gall, TIER a fheidhmíonn na eBikes agus Bleeper a oibríonn rothair troitheáin.


Go dtí seo in 2023 tá beagnach 26,000 turas comhroinnte rothar déanta ag cónaitheoirí Fhine Gall (Lúnasa 2023). Sin méadú os cionn 3000 turas ar an tréimhse chéanna do 2022. Bheimis ag súil le breis agus 35,000 turas in 2023, is ionann é sin agus fás maith ar an gComhroinnt Rothair i bhFine Gall, go háirithe i bhfianaise na drochaimsire i mí Iúil agus Lúnasa.

**An Carr Pobail – Na Sceirí**
Leanann an Carr Pobail sna Sceirí ag cur seirbhís ríthábhachtach ar fáil sa bhaile agus sna ceantair máguaird. Faoi láthair tá os cionn 100 iarratas turais in aghaidh na míosa a léiríonn cé chomh luachmhar agus atá seirbhís don Phobal. I measc na dturas tá coinní ospidéil agus imeachtaí sóisialta. Rinneamar an carr a uasghrádú le déanaí chun freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais na n-úsáideoirí agus táimid ag féachaint ar bhealaí chun an tseirbhís a leathnú in 2024.

# B – Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre


## Caiteachas

| | | |
|---|---|---|
| B03 | Bóthar Réigiúnach - Cothabháil agus Feabhsú | €12,275,200 |
| B04 | Bóthar Áitiúil - Cothabháil agus Feabhsú | €13,180,700 |
| B05 | Soilsiú Poiblí | €5,066,500 |
| B06 | Feabhsú Bainistíochta Tráchta | €5,126,100 |
| B08 | Cur Chun Cinn & Oideachas um Shábháilteacht ar Bhóithre | €3,687,900 |
| B09 | Páirceáil | €993,100 |
| B10 | Tacaíocht don Chlár Caipitil Bóithre | €2,124,100 |
| B11 | Seirbhísí Gníomhaireachta & Inchúitithe | €696,100 |
| | | **€43,149,700** |




## Ioncam

| | |
|---|---|
| RTRÁO | €3,914,400 |
| Deontais BIÉ & UNI | €1,880,500 |
| Fíneálacha & Táillí Páirceála | €2,000,000 |
| Ioncam Eile | €1,514,900 |
| Aoisliúntas | €304,100 |
| | **€9,613,900** |



| Tábla F - Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannán B - Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre** | | | | |
| **Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fo-Sheirbhíse** | **2024** | | **2023** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| B0101 NP - Cóiriú Dromchla | - | - | - | - |
| B0102 NP - Forleagan/Atógáil Cosáin | - | - | - | - |
| B0103 NP - Cothabháil Geimhridh | - | - | - | - |
| B0104 NP - Cothabháil Droichid (Eirspan) | - | - | - | - |
| B0105 NP - Cothabháil Ghinearálta | - | - | - | - |
| B0106 NP - Oibreacha Feabhsúcháin Ginearálta | - | - | - | - |
| B0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **B01 Bóthar NP - Cothabháil agus Feabhsú** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| B0201 NS - Cóiriú Dromchla | - | - | - | - |
| B0202 NS - Forleagan/Atógáil | - | - | - | - |
| B0203 NS - Forleagan/Atógáil – Uirbeach | - | - | - | - |
| B0204 NS - Cothabháil Geimhridh | - | - | - | - |
| B0205 NS - Cothabháil Droichid (Eirspan) | - | - | - | - |
| B0206 NS - Cothabháil Ghinearálta | - | - | - | - |
| B0207 NS - Oibreacha Feabhsúcháin Ginearálta | - | - | - | - |
| B0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **B02 Bóthar NS - Cothabháil agus Feabhsú** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| B0301 Cóiriú Dromchla ar Bhóithre Réigiúnacha | 28,700 | 28,700 | 91,300 | 22,600 |
| B0302 Bóthar Réigiúnach Cóiriú Dromchla/Atógáil Bóthair/Forleagan | 1,916,200 | 1,916,200 | 1,798,000 | 702,400 |
| B0303 Bóthar Réigiúnach Cothabháil Gheimhridh | 370,300 | 370,300 | 220,000 | 322,800 |
| B0304 Bóthar Réigiúnach Cothabháil Droichid | 75,000 | 75,000 | 75,000 | 75,000 |
| B0305 Bóthar Réigiúnach Oibreacha Cothabhála Ginearálta | 5,668,000 | 5,668,000 | 5,495,000 | 5,248,200 |
| B0306 Bóthar Réigiúnach Oibreacha Feabhsúcháin Ghinearálta | - | - | - | - |
| B0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 4,217,000 | 4,217,000 | 3,675,200 | 3,746,600 |
| **B03 Bóthar Réigiúnach - Cothabháil agus Feabhsú** | **12,275,200** | **12,275,200** | **11,354,500** | **10,117,600** |
| B0401 Bóthar Áitiúil Cóiriú Dromchla | 277,000 | 277,000 | 205,000 | 277,000 |
| B0402 Bóthar Áitiúil Cóiriú Dromchla/Atógáil Bóthair/Forleagan | 1,983,800 | 1,983,800 | 1,798,000 | 3,080,300 |
| B0403 Bóithre Áitiúla Cothabháil Geimhridh | 356,400 | 356,400 | 214,200 | 311,100 |
| B0404 Bóithre Áitiúla Cothabháil Droichead | 104,300 | 104,300 | 60,400 | 85,000 |
| B0405 Bóithre Áitiúla Oibreacha Cothabhála Ginearálta | 8,164,800 | 8,164,800 | 7,350,100 | 7,767,200 |
| B0406 Bóithre Áitiúla Oibreacha Feabhsúcháin Ghinearálta | 15,300 | 15,300 | - | 5,600 |
| B0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 2,279,100 | 2,279,100 | 1,974,900 | 2,048,000 |
| **B04 Bóthar Áitiúil - Cothabháil agus Feabhsú** | **13,180,700** | **13,180,700** | **11,602,600** | **13,574,200** |
| B0501 Costais Oibriúcháin Soilsiú Poiblí | 3,713,500 | 3,833,500 | 3,847,100 | 3,735,900 |
| B0502 Feabhsúchán Soilsiú Poiblí | 1,016,500 | 896,500 | 934,600 | 1,154,400 |
| B0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 336,500 | 336,500 | 305,100 | 306,400 |
| **B05 Soilsiú Poiblí** | **5,066,500** | **5,066,500** | **5,086,800** | **5,196,700** |

| Tábla F - Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannán B - Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre** | | | | |
| **Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fo-Sheirbhíse** | **2024** | | **2023** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| B0601 Bainistíocht Tráchta | - | - | - | - |
| B0602 Cothabháil Tráchta | 3,730,800 | 3,730,800 | 2,612,900 | 3,568,700 |
| B0603 Bearta Feabhsúcháin Tráchta | 180,000 | 180,000 | 195,000 | 40,000 |
| B0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,215,300 | 1,215,300 | 1,117,900 | 1,182,200 |
| **B06 Feabhsú Bainistíochta Tráchta** | **5,126,100** | **5,126,100** | **3,925,800** | **4,790,900** |
| B0701 Beartais Feabhsúcháin ar Chostas Íseal | - | - | - | - |
| B0702 Feabhsuithe Innealtóireachta Eile | - | - | - | - |
| B0799 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **B07 Feabhsúchán Innealtóireachta um Shábháilteacht ar Bhóithre** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| B0801 Maoir Scoile | 1,055,100 | 1,055,100 | 985,800 | 1,070,600 |
| B0802 Sábháilteacht ar Bhóithre a Phoibliú agus a Chur Chun Cinn | 691,200 | 691,200 | 597,200 | 435,500 |
| B0899 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,941,600 | 1,941,600 | 1,495,900 | 1,739,700 |
| **B08 Cur Chun Cinn & Oideachas um Shábháilteacht ar Bhóithre** | **3,687,900** | **3,687,900** | **3,078,900** | **3,245,800** |
| B0901 Cothabháil agus Bainistíocht de Charrchlóis | - | - | - | - |
| B0902 Oibriú de Pháirceáil Sráide | 912,700 | 912,700 | 747,100 | 815,800 |
| B0903 Forfheidhmiú Páirceála | - | - | - | - |
| B0999 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 80,400 | 80,400 | 79,400 | 83,200 |
| **B09 Páirceáil** | **993,100** | **993,100** | **826,500** | **899,000** |
| B1001 Clár Caipitil Bóithre a Riar | 1,044,300 | 1,044,300 | 1,045,600 | (11,100) |
| B1099 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,079,800 | 1,079,800 | 1,008,900 | 1,034,600 |
| **B10 Tacaíocht don Chlár Caipitil Bóithre** | **2,124,100** | **2,124,100** | **2,054,500** | **1,023,500** |
| B1101 Seirbhísí Gníomhaireachta & Infhorchúitithe | 400,300 | 400,300 | 425,200 | 263,700 |
| B1199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 295,800 | 295,800 | 266,200 | 326,800 |
| **B11 Seirbhísí Gníomhaireachta & Infhorchúitithe** | **696,100** | **696,100** | **691,400** | **590,500** |
| **Rannán B Iomlán** | **43,149,700** | **43,149,700** | **38,621,000** | **39,438,200** |

| Tábla F - Ioncam | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannán B - Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre** | | | | |
| **Ioncam de réir Foinse** | **2024** | | **2023** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **Deontais & Fóirdheontais Rialtais** | | | | |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil & Oidhreacht | 3,914,400 | 3,914,400 | 3,914,400 | 3,914,400 |
| TII Bonneagar Iompair Éireann | 855,000 | 855,000 | 540,000 | 900,000 |
| Na Meáin, Turasóireacht, Ealaíon, Cultúr, Spórt & an Ghaeltacht | - | - | - | - |
| An tÚdarás Náisiúnta Iompair | 1,025,500 | 1,025,500 | 980,200 | 989,700 |
| Iompar | - | - | - | - |
| Forbairt Tuaithe & Phobail | - | - | - | - |
| Eile | 400 | 400 | - | 400 |
| **Deontais & Fóirdheontas Rialtais Iomlána** | **5,795,300** | **5,795,300** | **5,434,600** | **5,804,500** |
| **Earraí & Seirbhísí** | | | | |
| Fíneálacha & Táillí Páirceála | 2,000,000 | 2,000,000 | 2,012,000 | 2,026,400 |
| Aoisliúntas | 304,100 | 304,100 | 331,700 | 290,200 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta & Oibreacha Inaisíoctha | - | - | - | - |
| Ranníocaíochtaí ó Údaráis Áitiúla | - | - | - | - |
| Ioncam eile | 1,514,500 | 1,514,500 | 1,460,100 | 1,524,500 |
| **Earraí & Seirbhísí Iomlána** | **3,818,600** | **3,818,600** | **3,803,800** | **3,841,100** |
| **Rannán B Iomlán** | **9,613,900** | **9,613,900** | **9,238,400** | **9,645,600** |

# Rannán C
# SEIRBHÍSÍ UISCE

## UISCE ÉIREANN

Is é Uisce Éireann an comhlacht poiblí atá freagrach as gach Seirbhís Uisce, lena n-áirítear feidhmiú seirbhísí uisce poiblí, cóireáil agus soláthar uisce agus soláthar seirbhísí fuíolluisce (séarach bréan) do thithe, do sheirbhísí ríthábhachtacha agus do ghnóthaí.

Tháinig deireadh le Comhaontú Leibhéal Seirbhíse (SLA) Fhine Gall ar an Dáta Éifeachtach den 26 Iúil 2023 agus tá soláthar Seirbhísí Uisce Poiblí do Chontae Fhine Gall sa todhchaí á dhéanamh faoi bhainistiú agus faoi stiúir Uisce Éireann.

## COSTAIS SEIRBHÍSE UISCE ÉIREANN AGUS FHINE GALL

I gcomhréir leis an Máistir-Chomhaontú Comhair, arna shínitú an 5 Bealtaine 2023 idir an Chomhairle agus Uisce Éireann, tá Comhaontú Seirbhíse Tacaíochta (SSA) nua á thabhairt chun críche don bhliain 2024. Clúdóidh an SSA réimsí tacaíochta ón dá pháirtí san aistriú idir seo agus deireadh 2026. Leis an gComhaontú Seirbhíse Tacaíochta (SSA) déanfar soláthar do na costais a thabhóidh an Chomhairle thar ceann Uisce Éireann, lena n-áirítear:-

- Párolla & Taisteal agus Cothabháil d'fhoireann seirbhísí uisce uile an údaráis áitiúil
- Seirbhísí Airgeadais,
- Seirbhísí Tacaíochta TFC agus Teileachumarsáid
- Úsáid Oifigí agus Iostaí
- Stórais agus áiseanna
- Seirbhísí Cabhlach
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Folláine

Ghlac Uisce Éireann cúram agus stiúradh fhoireann seirbhísí uisce an údaráis áitiúil an 26 Iúil 2023 agus faoin gComhaontú Seirbhíse Tacaíochta (SSA) nua idir an Chomhairle agus Uisce Éireann, leanfaidh an Chomhairle ag freastal ar chostais Párolla d'fhoireann seirbhísí uisce Fhine Gall go léir. Go dtí an 31 Nollaig 2026 tá an rogha ag gach ball foirne seirbhísí uisce féachaint le fanacht ag obair sa Chomhairle agus iad a athshannadh chuig poist eile laistigh den Chomhairle nó féadfaidh siad rogha a dhéanamh aistriú go Uisce Éireann. Déantar soláthar i Rannán C do na costais seo a gheobhaidh tú ar ais ó Uisce Éireann nó ó RTRÁO.

## SOLÁTHAR UISCE & SEIRBHÍSÍ FUÍOLLUISCE

Tá Uisce Éireann anois freagrach as gach seirbhís uisce poiblí, cóireáil agus soláthar uisce agus soláthar seirbhísí fuíolluisce (séarach bréan).

## SEIRBHÍSÍ UISCE STOIRME

Tá an Chomhairle fós freagrach as costas bainistíochta agus cothabhála an ghréasáin uisce stoirme. Tá buiséad de €865,900 á chur ar fáil chun oibriú agus cothabháil leanúnach an ghréasáin uisce stoirme a éascú. Déileálfaidh an clár seo le hoibriú agus cothabháil stáisiúin pumpála uisce stoirme, líonraí uisce stoirme (píopaí agus dúnphoill) agus éalaithe agus rilleáin uisce stoirme.


## ÁISEANNA POIBLÍ

Tá soláthar de €936,400 san áireamh do ghlanadh agus do chothabháil gach leithreas poiblí reatha agus nua i gCeantar Fhine Gall. Áirítear leis an gcóras glantacháin nua seo cothabháil leanúnach anois, glanadh laethúil méadaithe, glanadh domhain míosúil, soláthar gach ábhar inchaite, cothabháil agus glanadh Éicea-Leithris agus cothabháil gach bonneagair lena n-áirítear deisiú, athsholáthar agus cothabháil choisctheach.

# C – Seirbhísí Uisce


## Caiteachas

| | | |
|---|---|---|
| C01 | Soláthar Uisce | €10,688,700 |
| C02 | Cóireáil Fuíolluisce | €6,196,900 |
| C04 | Fóntais Phoiblí | €1,027,200 |
| C05 | Riarachán Suiteálacha Grúpa & Príobháideacha | €15,200 |
| C06 | Tacaíocht don Chlár Caipitil Uisce | €353,700 |
| C08 | Seirbhísí Uisce agus Sláintíochta an Údaráis Áitiúil | €2,086,200 |
| | | **€20,367,900** |




## Ioncam

| | |
|---|---|
| RTRÁO | €1,431,000 |
| Uisce Éireann | €15,586,300 |
| Aoisliúntas | €330,100 |
| Ioncam Eile | €297,500 |
| | **€17,644,900** |



| Tábla F - Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannán C – Seirbhísí Uisce** | | | | |
| | **2024** | | **2023** | |
| **Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fo-Sheirbhíse** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| C0101 Gléasraí & Líonraí Uisce | 7,421,700 | 7,421,700 | 7,649,600 | 7,219,000 |
| C0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 3,267,000 | 3,267,000 | 3,578,200 | 3,637,900 |
| **C01 Soláthar Uisce** | **10,688,700** | **10,688,700** | **11,227,800** | **10,856,900** |
| C0201 Gléasraí agus Líonraí Dramhaíola | 4,228,300 | 4,228,300 | 4,511,600 | 4,065,700 |
| C0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,968,600 | 1,968,600 | 2,110,900 | 2,136,400 |
| **C02 Cóireáil Fuíolluisce** | **6,196,900** | **6,196,900** | **6,622,500** | **6,202,100** |
| C0301 Bainistíocht Fiacha Uisce agus Fuíolluisce | - | - | - | - |
| C0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **C03 Táillí Uisce agus Fuíolluisce a Bhailiú** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| C0401 Áiseanna Poiblí a Oibriú agus a Chothabháil | 936,400 | 936,400 | 796,300 | 767,100 |
| C0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 90,800 | 90,800 | 80,300 | 83,300 |
| **C04 Áiseanna Poiblí** | **1,027,200** | **1,027,200** | **876,600** | **850,400** |
| C0501 Deontais le haghaidh Suiteálacha Aonair | 15,000 | 15,000 | 15,000 | 15,000 |
| C0502 Deontais le haghaidh Scéimeanna Grúpa Uisce | - | - | - | - |
| C0503 Deontais le haghaidh Scéimeanna Grúpa Fuíolluisce | - | - | - | - |
| C0504 Fóirdheontais Scéime Grúpa Uisce | - | - | - | - |
| C0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 200 | 200 | 400 | 400 |
| **C05 Riarachán Suiteálacha Grúpa agus Príobháideacha** | **15,200** | **15,200** | **15,400** | **15,400** |
| C0601 Dearadh Teicniúil agus Maoirseacht | 113,100 | 113,100 | 236,700 | 238,600 |
| C0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 240,600 | 240,600 | 213,000 | 218,700 |
| **C06 Tacaíocht don Chlár Caipitil Uisce** | **353,700** | **353,700** | **449,700** | **457,300** |
| C0701 Seirbhísí Gníomhaireachta & Infhorchúitithe | - | - | - | - |
| C0799 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **C07 Seirbhísí Gníomhaireachta & Infhorchúitithe** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| C0801 Seirbhísí Uisce an Údaráis Áitiúil | 179,200 | 179,200 | 739,000 | 74,000 |
| C0802 Seirbhísí Sláintíochta na nÚdarás Áitiúil | 1,476,000 | 1,476,000 | 1,046,700 | 1,116,900 |
| C0899 Costais Tacaíochta Seirbhíse Údaráis Áitiúil | 431,000 | 431,000 | 391,700 | 395,300 |
| **C08 Seirbhísí Uisce agus Sláintíochta an Údaráis Áitiúil** | **2,086,200** | **2,086,200** | **2,177,400** | **1,586,200** |
| **Rannán C Iomlán** | **20,367,900** | **20,367,900** | **21,369,400** | **19,968,300** |

| Tábla F - Ioncam | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannán C – Seirbhísí Uisce** | | | | |
| **Ioncam de réir Foinse** | **2024** | | **2023** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **Deontais & Fóirdheontais Rialtais** | | | | |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil & Oidhreacht | 1,431,000 | 1,431,000 | 1,685,400 | 1,445,800 |
| Eile | - | - | - | - |
| **Deontais & Fóirdheontas Rialtais Iomlána** | **1,431,000** | **1,431,000** | **1,685,400** | **1,445,800** |
| **Earraí & Seirbhísí** | | | | |
| Uisce Éireann | 15,586,300 | 15,586,300 | 16,331,000 | 15,830,600 |
| Aoisliúntas | 330,100 | 330,100 | 391,300 | 342,400 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta & Oibreacha Inaisíoctha | - | - | - | - |
| Ranníocaíochtaí ó Údaráis Áitiúla | - | - | - | - |
| Ioncam eile | 297,500 | 297,500 | 257,200 | 342,800 |
| **Earraí & Seirbhísí Iomlána** | **16,213,900** | **16,213,900** | **16,979,500** | **16,515,800** |
| **Rannán C Iomlán** | **17,644,900** | **17,644,900** | **18,664,900** | **17,961,600** |

# Rannán D
# BAINISTÍOCHT FORBARTHA

**PLEANÁIL STRAITÉISEACH**

Go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair 2023, bhí iomlán de 1,038 iarratas pleanála faighte ag an údarás áitiúil. Fuarthas 9 n-iarratas ar Fhorbairt Chónaitheach ar Mhórscála (LRD) agus eisíodh 11 Chinneadh ar iarratais LRD. Áirítear orthu sin iarratas amháin ar fhaisnéis bhreise agus 10 gcinneadh cead a thabhairt. Ba é 3,211 líon iomlán na n-aonad a deonaíodh trí iarratais LRD.

Tá 17 gcinneadh déanta ag an mBord Pleanála ar iarratais ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta go dtí seo in 2023. Ina measc seo tá 4 chinneadh um diúltú agus 13 Chinneadh cead a dheonú agus líon iomlán de 5,709 aonad deonaithe. Tá 5 chinneadh le déanamh ag an mBord Pleanála ar iarratais SHD.

Glacadh le Scéim Ranníocaíochta Forbartha 2021-2025 na Comhairle an 14 Nollaig 2020. Déantar cuntas ar na tobhaigh go léir a chuirtear i bhfeidhm agus a bhailítear agus caitear iad ar fud an Chontae ar bhonneagar poiblí agus ar áiseanna a théann chun tairbhe na forbartha i limistéar an Chontae ar fad. Tháinig an Scéim i bhfeidhm an 1 Eanáir, 2021.

**RÍOMHPHLEANÁIL**

Tá obair ar siúl agus ag dul ar aghaidh go náisiúnta leis an GBRÁ maidir le tabhairt isteach na ríomhphleanála. Samhlaítear go rachaidh an ríomhPhleanáil, arna thacú tríd an tairseach náisiúnta pleanála, beo le seoladh bog do Chomhairle Contae Fhine Gall i Ráithe 4 de 2023 agus le rolladh amach iomlán in 2024. Beidh iarratasóirí/Gníomhairí in ann iarratais phleanála a thaisceadh go leictreonach, rud a laghdóidh an costas priontála agus costais iomlána iarratas pleanála a chur isteach go pearsanta. Cuirfidh an tairseach seo ar chumas gníomhairí iarratais amach anseo a chur isteach chuig aon údarás áitiúil sa tír tríd an uirlis ar líne chéanna.

**PLEAN FORBARTHA FHINE GALL 2023 – 2029**

Rinneadh Plean Forbartha Fhine Gall 2023 – 2029 an 22 Feabhra 2023 agus tháinig sé i bhfeidhm an 5 Aibreán 2023.

Leagann an Plean Forbartha amach an creat chun forbairt a threorú i bhFine Gall amach anseo. Is doiciméad straitéiseach é an Plean a shamhlaíonn Fine Gall mar ghréasán comhtháite de lonnaíochtaí uirbeacha bríomhara a n-éireoidh leo go sóisialta agus go heacnamaíoch, chomh maith le criosanna glasa straitéiseacha agus an tuath oscailte, ag tacú le agus ag cur le forbairt eacnamaíoch an Chontae agus Réigiún Chathair Bhaile Átha Cliath.

**PLEANÁIL AR AGHAIDH**

Sainaithníodh i bPlean Forbartha Contae Fhine Gall roinnt pleananna agus staidéir ar leith atá le hullmhú.

Próiseas casta agus dian ó thaobh ama de a bheidh i bpleananna ar an leibhéal áitiúil a ullmhú agus beidh gá le comhordú a dhéanamh ar ionchuir iomadúla agus le dianmheasúnú comhshaoil lena n-áirítear Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (MST), Measúnú Cuí (AA) agus Measúnacht Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte (SFRA). Tá an próiseas chun creatlach a bhunú do sheachadadh na seirbhísí comhairleoireachta a theastaíonn chun an Plean seo a chur i gcrích beagnach críochnaithe agus táthar ag súil go gcuirfear tús le hobair ar na Pleananna atá aitheanta ar an liosta tosaíochta go luath amach anseo.

I measc na dtionscadal leanúnacha eile tá Creatphlean Uirbeach Dhomhnach Bat, comhordú leanúnach na gceithre Údarás Áitiúil i mBaile Átha Cliath tuairisceáin Thascfhórsa Tithíochta Bhaile Átha Cliath chuig an Roinn, chomh maith le hobair a bhaineann leis an gCáin Talún Criosaithe Cónaithe (RZLT).

Leanann an tAonad um Pleanáil Straitéiseach ag cur le tionscadail sheachtracha eile, lena n-áirítear MetroLink, BusConnects agus Leathnú DART +.

Coinneofar an clár faoi athbhreithniú de réir mar a athraíonn tosaíochtaí. Cuirtear buiséad ar fáil chun saineolas seachtrach a fhostú nuair is gá.

**AN CISTE GNÍOMHACHTAITHE TITHÍOCHTA BONNEAGAIR ÁITIÚIL (CGTBÁ) & TÓGÁLA**

Fuair Comhairle Contae Fhine Gall faomhadh do mhaoiniú CGTBÁ de €26.58m do thrí thionscadal CGTBÁ ag Domhnach Bat, Sord (An Seanbhaile/Baile na Móna) agus Baile Dúill/Steach Póilín. Is é cuspóir na dtionscadal seo ná bonneagar a sholáthar lena n-áirítear bóithre, cosáin agus raonta rothar, uasghrádú acomhail agus bóithre; bainistiú feabhsaithe tuilte agus uisce dromchla; bogaigh agus páirceanna; rud a éascóidh forbairt tithíochta nua tar éis é a sheachadadh.

I nDomhnach Bat, osclaíodh Bóthar Dáileacháin Dhomhnach Bat do thrácht go rathúil in 2020 agus tá roinnt forbairtí móra ilchineálacha á dtógáil anois mar thoradh ar na tailte nua in aice láimhe a bhfuil an bóthar ag freastal orthu anois. Mar an gcéanna i Sord, cuireann Uasghrádú Bóthair Ráth Bhile 1km uasghrádaithe ar fáil do bhóithre, do chosáin agus do raonta rothar agus do bhainistiú tuilte agus tá sé mar bhonn agus mar thaca ag forbairt suntasach cónaithe sa cheantar Seanbhaile/Baile na Móna mórthimpeall.

I mBaile Dúill/Steach Póilín, críochnaíodh Uasghrádú Bhóthar Poll sa Bhalla go rathúil in 2021 ag soláthar droichead nua thar Abhainn na Maighne, naisc nua taistil ghníomhaigh agus bóithre agus acomhail i bhfad níos sábháilte, agus tá oibreacha ag leanúint ar aghaidh ar roinnt forbairtí suntasacha cónaithe sna tailte in aice láimhe anseo i bhFine Gall agus i gCathair Bhaile Átha Cliath araon. Tá an ghné eile de mhaoiniú LIHAF á úsáid chun dul chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt Pháirc Ráschúrsa Bhaile Dúill atá le tógáil in 2024.

**PLEAN OIDHREACHTA**
Leanfaidh an Oifig Oidhreachta ag tacú le foilseacháin chlóite, taispeántais, físeáin, léarscáileanna digiteacha agus turais fhíorúla agus iad a sheachadadh lena ndéanfar iniúchadh ar théamaí oidhreachta ó scileanna traidisiúnta go scéalta daoine agus áite. Díreofar in 2024 ar thacú le Pleananna Iniúchta Oidhreachta agus Léirmhínithe faoi stiúir an phobail agus le nuálaíochtaí mar chomharthaíocht shofheicthe Oidhreachta Dhomhnach Bat-Port Reachrann, le haghaidh cur chuige iomlánaíoch comhtháite i leith aithint agus léirmhíniú oidhreachta áitiúil.

Leanfaidh an Oifig Oidhreachta ar aghaidh ag tabhairt faoi thionscadail cheannródaíocha ar nós Digging Drumanagh, an tochailt taighde pobalbhunaithe ag Dún Ceann Trá Dhroim Meánach áit a bhfuil fianaise á nochtadh ar shaol na Róimhe nach bhfacthas in aon áit eile in Éirinn. Leanfar le scaipeadh na dtorthaí ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus Eorpach, mar ní hamháin go gcabhraíonn na torthaí agus an anailís le léirmhíniú agus le bainistiú an tsuímh féin ach go gcuireann siad go mór le tuiscint na tréimhse seo in Éirinn.

Leanfar ag tacú le rannpháirtíocht pobail trí thionscadail ar nós Blas: Oidhreacht Bhia Fhine Gall a fhiosraíonn, a thaifeadann agus a roinneann traidisiúin, dearcthaí, creidimh, agus cleachtais a bhaineann leis an gcaoi a ndéanaimid bia agus a ithimid bia agus a thugann traidisiúin bhia éagsúla isteach do lucht éisteachta nua. Ag teacht le Straitéis Bia Fhine Gall srl. cuireann an tionscadal seo creat ar fáil chun modhanna traidisiúnta, eolas a ghabháil agus is modh é chun feasacht a ardú ar shéasúracht, inbhuanaitheacht agus bithéagsúlacht.

Leanfaidh an Oifig Oidhreachta ag cur leis an tionscadal eolaíochta saoránach Oidhreacht Fhine Gall X Aeráide mar mhodh chun sásraí comhordaithe, comhoibritheacha, bunaithe ar fhianaise a fhorbairt chun athléimneacht a fhorbairt, chun tionchar an athraithe aeráide ar oidhreacht seandálaíochta agus thógtha an Chontae a oiriúnú nó a mhaolú. Tá sé beartaithe freastal ar éileamh an phobail ar dhoiciméid oideachais agus treorach ar nós Garraíodóireacht ar mhaithe le Bithéagsúlacht agus Fiadhúlra i bhFoirgnimh a dháileadh ar phobail.

Tá cúig thionscadal riartha ag an Oifig Oidhreachta, trí Chiste na Séadchomharthaí Pobail 2023 lena n-áirítear oibreacha caomhantais ag Teach Túr Bhaile an Ridire, Eaglais Chluain Meacháin, An Seanbhaile, Eaglais Mhullach Íde, Túir Shoird agus plean bainistíochta caomhantais do shéipéal Mullach Eadrad, ag cinntiú a n-athléimneacht maidir le hathrú aeráide, trí mhaoiniú ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Leanfar de rannpháirtíocht ghníomhach i gClár Éire Ildánach Fhine Gall agus i bhFochoiste Oidhreachta, Turasóireachta agus Geilleagair Bhithsféir Chuan Bhaile Átha Cliath, chomh maith le tacú le Seachtain na hOidhreachta agus grúpaí oidhreachta áitiúla trí Líonra Oidhreachta Fhine Gall. Cruthaíodh an Dréachtphlean Oidhreachta straitéiseach le linn 2023 agus tá sé i gceist go bhfoilseofar in 2024, go seolfar an Plean Oidhreachta 2024-2030 ar glacadh leis, agus lena chur i bhfeidhm leanúnach, go mbainfear amach bacainní sóisialta agus cultúrtha as a dtiocfaidh feabhas ar rochtain do go léir le hoidhreacht Fhine Gall.

**AN tÚDARÁS RIALAITHE FOIRGNÍOCHTA**

Cinntíonn an tÚdarás Rialaithe Foirgníochta (BCA) go gcomhlíontar Codanna A go M de na Rialacháin Foirgníochta ionas go mbeidh áitribh agus foirgnimh neamhchónaithe sábháilte do na saoránaigh a áitiú agus a úsáid.

Déanann an BCA 'Fógraí Tosaithe' agus 'Deimhnithe Cur i gCrích Comhlíonta' do gach Foirgneamh a mheasúnú agus a phróiseáil, chomh maith le Deimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán agus Deimhnithe Rochtana Míchumais do gach foirgneamh neamhthí lena n-áirítear Árasáin agus Dúphléacsacha.

Tá an BCA freagrach as faireachas margaidh agus forfheidhmiú na Rialachán um Tháirgí Foirgníochta a chinntíonn go gcloíonn gach táirge foirgníochta leis na Caighdeáin Chomhchuibhithe. Ar deireadh, is é an BCA an comhlacht údaraithe atá freagrach as comhlíonadh na Rialachán um Fheidhmíocht Fuinnimh na Rialachán Foirgníochta a chinntiú.

**Feidhm um Ghlacadh ar Láimh**

Áirítear sa Chlár Caipitil 3 bliana 2024-2026 soláthar de €6.3m don Chlár um Oibreacha a Ghlacadhar Láimh chun oibreacha a dhéanamh ar fhorbairtí i bhFine Gall chun iad a thabhairt suas go dtí an caighdeán 'glacadh ar láimh' ionas gur féidir iad a ghlacadh go foirmiúil ar láimh.

**Struchtúir agus Áiteanna Contúirteacha**

Leis an Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1964, tugtar cumhachtaí don Údarás Áitiúil maidir le tabhairt faoi aon imní sábháilteachta a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le struchtúir nó áiteanna.

**FORBAIRT EACNAMAÍOCH, FIONTAIR & TURASÓIREACHTA**

**Straitéis um Fhorbairt Eacnamaíoch**

Tacaíonn an Roinn Forbartha Eacnamaíochta, Fiontair, Turasóireachta & Cultúir (EETCD) le forbairt eacnamaíoch chomhordaithe Fhine Gall trí thionscadail a chuireann go dearfach le forbairt eacnamaíoch leanúnach an Chontae a phleanáil, a thionscnamh agus a bhainistiú.

Chaith Comhairle Contae Fhine Gall €51.73 an duine den daonra ar sheirbhísí leabharlainne a sholáthar in 2022. Éascaíonn an caiteachas seo rochtain shaor in aisce ar leabhair agus ar raon leathan d'acmhainní leictreonacha, ar chlár gníomhaíochtaí agus imeachtaí a thugann eolas agus siamsaíocht dóibh agus ar spásanna ina mbuaileann daoine le chéile, ina mbíonn siad rannpháirteach, ina gcruthaíonn siad agus ina bhfoghlaimíonn siad. Bíonn ár leabharlanna ar oscailt 6 lá in aghaidh na seachtaine, le meánuaireanta oscailte foirne de 47 uair sa tseachtain, atá ar na cinn is airde sa tír.

Ag tógáil ar an rath a bhí ar an gcéad 'Mo Leabharlann Oscailte' de chuid na Comhairle ag Leabharlann Bhaile Dúill, leathnófar 'Mo Leabharlann Oscailte' chuig Leabharlanna Mhullach Íde agus Bhaile Bhlainséir agus ag Leabharlann na Sceirí nua-athchóirithe in 2024, ag síneadh uaireanta oscailte na dtrí bhrainse seo chun oscailtí ar an Domhnach, go luath ar maidin ó 8am agus oícheanta déanach go dtí 10in a chur san áireamh.

In 2024, beidh an Chomhairle fós tiomanta do chroísheirbhísí leabharlainne a chur ar fáil saor in aisce agus do spás sábháilte, neodrach agus daonlathach a sholáthar do shaoránaigh Fhine Gall. Tá an léitheoireacht, an litearthacht agus an soláthar faisnéise lárnach dár misean agus chuige sin tá soláthar de €1m déanta sa bhuiséad don chiste leabhar, lena n-áirítear ceannach stoc fisiceach agus freisin ríomhleabhair, closleabhair agus ríomhacmhainní eile.

Cuimsíonn ár gcláir chultúrtha, oideachais agus caithimh aimsire féilte bliantúla staire, scríbhneoireacht chruthaitheach agus litríocht do leanaí. Eagraímid imeachtaí freisin faoi chláir náisiúnta ar nós Éire Shláintiúil ag do Leabharlann agus an Ceart chun Léamh. Tá suim de €145,900 leithdháilte sa bhuiséad 2024 do na cláir seo.

### PÁIRCEANNA AGUS SPÁSANNA OSCAILTE

Foráiltear sa Bhuiséad 2024 do chothabháil leanúnach 5,000 acra (2,000 Ha.) de spásanna oscailte, páirceanna réigiúnacha agus áiseanna spóirt mar phríomhghnéithe de Bhonneagar Glas Fhine Gall. Tá maoiniú san áireamh chun feabhas leanúnach a chur ar pháirceanna imeartha, clóis súgartha agus áiseanna spóirt chomh maith le thart ar 50,000 crann sráide. Tá €1.2m san iomlán déanta le haghaidh oibreacha feabhsaithe

nua agus breise ar pháirceanna agus spásanna oscailte le linn 2024 faoin gClár Oibreacha Ceantair.

Tá soláthar á dhéanamh sa bhuiséad ioncaim do chothabháil agus cothabháil leanúnach ar ár bPáirceanna Réigiúnacha, ar Theach na Féileacán agus ar Ghairdíní Thalbóid, ar Ghairdíní Mhullach Íde agus Shackleton, Cluain Saileach.

Déanfar infheistíocht leanúnach i mbonneagar aclaíochta lasmuigh na páirce, ag cur athléimneacht níos fearr i sláinte fhisiciúil agus mheabhrach chun cinn in éineacht le rolladh amach na scairdeán uisce poiblí a chuideoidh le dramhaíl plaisteach a laghdú. Leanfaidh oibríochtaí ag cur le rolladh amach na limistéar pailneoirí i bpáirceanna poiblí agus spásanna oscailte.

Déantar soláthar do chaomhnú agus d'fheabhsú Bhithéagsúlacht Fhine Gall lena n-áirítear an chuid de Bhithsféar Chuan Bhaile Átha Cliath atá suite i bhFine Gall tríd an bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta. Déanann an Clár Caipitil 3 bliana 2024-2026 foráil do thionscadail bhithéagsúlachta caipiteal de luach €5.8m agus €750k do Bhithsféar Chuan Bhaile Átha Cliath atá le cur i bhfeidhm sna 3 bliana amach romhainn. Tá Soláthar Ioncaim de €347,000 san áireamh i mBuiséad 2024 le haghaidh oibreacha leanúnacha caomhnaithe agus feabhsúcháin a bhaineann le cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta.

**MAOIN OIDHREACHTA & DÍOL SPÉISE TURASÓIREACHTA**

Tá an Roinn Forbartha Eacnamaíochta, Fiontair, Turasóireachta & Cultúir freagrach as oibriú, cothabháil agus forbairt leanúnach ar Mhaoin Oidhreachta na Comhairle ar fud an Chontae. Leanfaidh an Roinn de bheith ag obair i gcomhar le hoibreoirí agus le bainisteoirí láithreáin chun acmhainneacht turasóireachta agus cruthú post gach réadmhaoine a uasmhéadú in 2024. Oibreoidh buiséad na gCoimisinéirí Ioncaim in éineacht le hinfheistíocht chaipitil mhéadaithe sna réadmhaoine atá curtha in áirithe do 2024-26. Tá na hoibreacha go léir á ndéanamh i gcónaí de réir riachtanais na Pleanála Bainistíochta Caomhantais.

**IMEACHTAÍ**

In 2023, d'fhill an iarphaindéim ar ghníomhaíocht thar gach ionchas, le méadú suntasach ar líon agus ar scála na n-imeachtaí ar fud an Chontae i rith na bliana. Cuireadh é seo i dteannta le maoiniú méadaithe do líon fairsing imeachtaí pobail ar fud an chontae. Tá soláthar méadaithe déanta in 2024 chun ligean don chlár Imeachtaí leanúint ar aghaidh.

Ag teacht le Beartas Bia Fhine Gall, leagfaidh Foireann na nImeachtaí béim níos mó ar tháirgeoirí bia Fhine Gall a chur chun cinn le taispeántais bia ag ár dhá phríomhfhéile in 2024: Blasanna Fhéile Muirí & Bia Mara Fhine Gall & Bhinn Éadair.

Tá soláthar déanta d'ioncam méadaithe ón gClár Imeachtaí atá le hardú trí chlár urraíochta píolótach in 2024 agus é mar aidhm aige urraitheoirí oiriúnacha a thabhairt isteach chun dul i gcomhpháirtíocht linn le haghaidh imeachtaí.

## OIFIG EALAÍON

Tacaíonn Comhairle Contae Fhine Gall go gníomhach le raon leathan de ghníomhaíochtaí ealaíon i bhFine Gall agus cuireann sí chun cinn iad, go háirithe maoiniú imeachtaí agus léirithe. In 2024 cuirtear suim €120,000 ar fáil do Dheontais Ealaíon. Tacaíonn na deontais seo le raon leathan gníomhaíochtaí cultúrtha ar fud Fhine Gall, lena n-áirítear féilte ealaíon bliantúla áitiúla, imeachtaí móra ceoil, cruthú scannán, seachtainí ealaíon scoile, agus cuireann siad tacaíocht chultúrtha ar fáil freisin dóibh siúd a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Tá ag éirí go geal le dhá Ionad Ealaíon na Comhairle, Draíocht i mBaile Bhlainséir agus Ionad Ealaíon Seamus Ennis san Aill, agus cuirtear €815,000 ar fáil dá dtacaíocht leanúnach in 2024, mar aon le €150,000 d'Institiúid Ceoil agus Amhrán na hÉireann i mBaile Brigín agus €25,000 le haghaidh Amharclann Millbank sa Ros. Léiriúcháin chultúir is ea na lárionaid ealaíon seo agus ionaid sármhaitheasa do na hEalaíona i bhFine Gall.

Tá €70,000 san áireamh sa Bhuiséad 2024 do Music Generation faoin gClár Óige agus Oideachais. Tá an maoiniú le húsáid chun creat inbhuanaithe a dhearadh, a fhorbairt agus a sheachadadh do sheirbhísí oideachais ceoil léirithe do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil cónaí orthu i bhFine Gall agus atá faoi mhíbhuntáiste.

Tá suim de €175,500 á chur ar fáil freisin dár gClár Óige agus Oideachais chun tacú le tionscnaimh do leanaí agus do dhaoine óga chun dul i ngleic leis na healaíona mar rannpháirtithe, cruthaitheoirí agus mar bhaill den lucht féachana ar fud suíomhanna oideachais agus pobail ar fud an chontae; mar aon le tacú le forbairt cleachtais ealaíonta san earnáil YPCE. Leanfar leis an Scéim Tacaíochta d'Ealaíontóirí (scéim sparánachta) in 2024. Is é cuspóir na Scéime seo ná tacú le healaíontóirí gairmiúla aonair as Fine Gall a gcleachtas ealaíne a fhorbairt. Féachann an dámhachtain le ham agus acmhainní a sholáthar d'ealaíontóirí chun smaoineamh, taighde a dhéanamh, machnamh a dhéanamh agus dul i ngleic lena ngairmeacha beatha ealaíne. Is ionann an maoiniú do 2024 agus €250,000.

Tá suim de €119,000 leithdháilte le haghaidh doiciméadú, imeachtaí agus seimineáir a chomhlánaíonn ról níos leithne an chláir um Choimisiúnú Ealaíne Poiblí ar fud Fhine Gall.

## CEATHRÚ CULTÚRTHA SHOIRD (SCQ)

Tá an soláthar bliantúil de €3m san áireamh sa bhuiséad chun leanúint ar aghaidh le ciste a sholáthar chun an SCQ a fhorbairt agus in 2024 chun an iasacht arna faomhadh ag Comhaltaí agus arna tarraingt anuas in 2023 a aisíoc.

Tá an tionscadal ar an láthair agus críochnaíodh oibreacha cumasúcháin in 2023 agus beidh na hoibreacha conartha iomlána i soláthar agus de réir sprice le bheith ar an láthair in Aibreán 2024.

## CLÁR ÉIRE ILDÁNACH FHINE GALL

Tionscnamh cúig bliana is ea Clár Éire Ildánach, a chuireann an chruthaitheacht i gcroílár an bheartais phoiblí. Soláthraíonn Straitéis Chultúr & Cruthaitheachta Fhine Gall

2023 - 2027 creat do rannpháirtíocht leanúnach idir an pobal, cleachtóirí cruthaitheachta, ealaíontóirí agus an Chomhairle.

Tá soláthar de €320,000 déanta i mbuiséad 2024 don obair seo lena n-áirítear tacaíocht agus cur chun cinn Cruinniú na nÓg - lá náisiúnta saorchruthaitheachta do leanaí agus daoine óga faoi 18 mbliana d'aois.

**TRÁNNA & SEIRBHÍSÍ GARDA TARRTHÁLA**

Tá an Chomhairle freagrach as cothabháil leanúnach na dtránna le soláthar de €714,100 san áireamh i mBuiséad 2023. Áirítear leis an soláthar seo na Seirbhísí Garda Tarrthála ag na deich dtrá ainmnithe sa Chontae.
Bhí sé thar a bheith dúshlánach garda tarrthála a earcú do Shéasúr Snámha 2023, ach tá foráil déanta d'earcú 45 garda tarrthála i mBuiséad 2024. Beidh gardaí tarrthála ar na tránna ar bhonn deireadh seachtaine do mhí an Mheithimh agus ar bhonn laethúil do mhí Iúil agus Lúnasa. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh le cithfholcadáin a shuiteáil le húsáid ag snámhóirí ag cuid de na tránna ina mbíonn an líon is mó de chuairteoirí.

**POBAL, SPÓIRT & CULTÚR**

Oibríonn an Rannán Forbartha Pobail agus Spóirt i gcomhpháirtíocht le grúpaí deonacha pobail, gníomhaireachtaí, agus soláthraithe seirbhíse chun pobail a neartú agus a chumasú chun cáilíocht na beatha do shaoránaigh Fhine Gall a fheabhsú. Soláthraíonn na comhpháirtíochtaí inbhuanaithe seo tacaíocht do phobail trí shaoráidí pobail, áineasa agus spóirt, cláir oideachais, scéimeanna maoinithe deontais, seirbhísí tacaíochta agus comhairle a chur ar fáil chun pobail láidre, fhéintuilleamacha, bhríomhara agus inbhuanaithe a fhorbairt.

**OIFIG FORBARTHA POBAIL**

Tá sé mar aidhm ag an Oifig Forbartha Pobail (CDO) pobail láidre, rannpháirteacha, chomhtháite a fhorbairt ar fud Fhine Gall ina bhfuil daoine bródúil as an áit ina bhfuil siad ina gcónaí agus inar féidir leo rochtain a fháil ar raon deiseanna sóisialta, cultúrtha agus forbartha agus inar féidir leo ionchur a bheith acu sna próisis chinnteoireachta áitiúla. Déantar obair an CDO a sheachadadh faoi chúig cholún:

- Tacaíocht Idirghníomhaireachta
- Tacaíocht Forbartha Pobail
- Tacaíocht Straitéiseach
- Tacaíocht Áiseanna
- Tacaíocht Mhaoinithe

Is iad na príomhthosaíochtaí ná comhionannas agus cuimsiú a chur chun cinn, tacaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht agus í a spreagadh, oibriú i gcomhar le raon leathan grúpaí agus eagraíochtaí agus a chinntiú go seachadtar straitéisí náisiúnta agus áitiúla a thacaíonn le rannpháirtíocht shibhialta agus cuimsiú sóisialta.

Faoi Thacaíocht Áiseanna, cuireann an CDO tacaíocht airgeadais agus bainistíochta ar fáil do 33 áis pobail ar fud an chontae. Bhunaigh an CDO Líonra Áiseanna Pobail Fhine Gall ar a bhfuil bainisteoirí ionad, maoirseoirí, príomh-fhoireann agus oifigigh pobail agus oibrithe deonacha a oibríonn in áiseanna pobail.  Cuireann an líonra struchtúr ar

fáil don CDO chun faisnéis a sholáthar ar dheiseanna maoinithe agus oiliúna chomh maith le heolas ar chleachtais agus treochtaí i mbainistíocht saoráidí.  Éascaíonn sé freisin comhroinnt faisnéise i measc comhaltaí agus páirtithe leasmhara ábhartha agus tá Lámhleabhar Treorach d'Áiseanna Pobail foilsithe agus Mol Beartais forbartha aige chun tacú le boird bhainistíochta pobail agus dheonacha na n-ionad pobail.

Soláthraíonn an CDO raon máistir-ranganna ina gcumhdaítear ábhair atá tábhachtach do chomhaltaí lena n-áirítear bainistíocht saoráidí, bainistíocht airgeadais, bainistíocht maoirseachta agus reachtaíocht. Tá soláthar de €2.37m leithdháilte chun cabhrú le bainistiú agus feidhmiú áiseanna pobail a fhaigheann tacaíocht ón gComhairle.

Tá an obair atá i gceist faoin gColún Forbartha Pobail leathan agus cuimsítear ann seachadadh raon de chláir oiliúna pobail ar nós "Bealaí chun na Rannpháirtíochta" agus "Na Chéad Chéimeanna" in áiseanna pobail ar fud Fhine Gall. Sna cláir oiliúna 'Bealaí chun na Rannpháirtíochta' cumhdaítear ábhair mar scileanna coiste, oiliúint forbartha pobail agus saoránacht ghníomhach. Spreagann Clár na gCéad Chéimeanna rannpháirtíocht an phobail i ngníomhaíochtaí réamhfhorbartha, ar nós ranganna Béarla do thosaitheoirí agus feabhsaitheoirí, Fáilte Isteach, sláinte agus cothú.

Leanann na Moil Forbartha Pobail i mBaile Brigín, i mBaile an Tirialaigh agus Radharc an Chnoic ar aghaidh ag seachadadh raon tionscnamh spriocdhírithe forbartha pobail a bhfuil sé mar aidhm acu rannpháirtíocht pobail a mhéadú. Tá soláthar de €261,000 san áireamh i mBuiséad 2024 chun cláir Forbartha Pobail a chur chun feidhme.

Tá suim de €300,000 curtha ar fáil mar mhaoiniú chun Tionscadail Samhraidh, Oíche Shamhna agus Gníomhaíochtaí a áireamh faoin Scéim Mhaoinithe Gníomhaíochtaí Pobail chun tacú le grúpaí pobail agus deonacha tionscnaimh a fhorbairt a thacaíonn le rannpháirtíocht an phobail.

Ar cheann den iliomad tionscnamh a fhaigheann tacaíocht faoin gColún Tacaíochta Straitéisí tá seachadadh na ngníomhartha atá leagtha amach i Straitéis Fhine Gall um Chomhtháthú Imirceach agus Cuimsiú Sóisialta.  Cuirtear €75,000 ar fáil chun tacú le gníomhaíochtaí chun an fhís d'Fhine Gall de phobail chuimsitheacha agus chomhtháite a sheachadadh, ina gcuirtear luach ar gach duine a chónaíonn, a oibríonn agus a thugann cuairt, agus ina gcuirtear ar chumas na gcónaitheoirí go léir a bheith rannpháirteach go hiomlán agus rannchuidiú lena bpobail, beag beann ar a náisiúntacht, eitneachas ná ar a chúlra reiligiúnach nó cultúrtha.

**ATHCHÓIRIÚ IONAID POBAIL**

Tá foráil déanta chun tacú le forbairt áiseanna pobail nua agus chun éascú a dhéanamh ar oibreacha athchóirithe/deisiúcháin ar na hIonaid Phobail is sine de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall.  Ina theannta sin, tá ciste ar leith de €400,000 á chur ar fáil trí scéim deontas caipitil chun tacú le hionaid phobail nach bhfuil faoi úinéireacht na Comhairle oibreacha deisiúcháin agus feabhsúcháin a dhéanamh.

**OIFIG FORBARTHA SPÓIRT**

Tá Oifig Spóirt Chomhairle Contae Fhine Gall mar chuid de Líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt (LSPanna) na hÉireann. Is é aidhm Líonra LSP cabhrú le daoine a bheith gníomhach agus fáil réidh le bacainní ar spórt agus ar ghníomhaíocht choirp a d'fhéadfadh a bheith ann. Tugann an Oifig Spóirt faoi raon leathan gníomhaíochtaí agus é mar aidhm acu leibhéil rannpháirtíochta sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp a mhéadú ina bpobail áitiúla. In 2024 díreoidh an Oifig Spóirt ar a bPlean Áitiúil Spóirt agus Gníomhaíocht Choirp 2024-2029 a chur i bhfeidhm a bhfuil sé mar aidhm aige Stíleanna Beatha Gníomhacha a Spreagadh do chách i bhFine Gall trí na sé chuspóir seo a leanas.

- Spórt agus Gníomhaíocht Choirp mar Thosaíocht
- Feabhas a chur ar Dheiseanna & Roghanna do Chách le Bheith Gníomhach
- Próifíl agus Infheictheacht Spórt agus Gníomhaíocht Choirp a Ardú
- Fócas ar Rannpháirtíocht Lasmuigh
- Feabhas a chur ar ár rochtain ar Shaoráidí Spóirt agus Gníomhaíocht Choirp ar Ardchaighdeán
- Comhoibriú le Páirtithe Leasmhara

Tacaíonn agus cuireann an Oifig Spóirt cláir ar fáil atá dírithe ar rannpháirtíocht sa spórt a mhéadú, ag díriú ar ghrúpaí sonracha mar leanaí, daoine óga i mbaol, grúpaí faoi mhíbhuntáiste, cailíní déagóra, mná sa spórt, daoine fásta breacaosta agus daoine faoi mhíchumas.

In 2024, leanfar leis an gclár ParkFit, ag tairiscint ranganna aclaíochta saor in aisce i bpáirceanna áitiúla do phobail ar fud an chontae. Leanfar leis an gclár um Chothú Spóirt i mbunscoileanna, le tacaíocht ó raon modúl inrochtana oiliúna do mhúinteoirí chomh maith le gníomhaíochtaí ranga ar líne.

Leanfaidh an Oifig Spóirt ar aghaidh ag obair le Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe spóirt éagsúla i rith 2024 chun líon na rannpháirtíochta i spóirt agus gníomhaíochtaí ar fud an chontae a mhéadú, le fócas sonrach ar thionscnaimh Mná sa Spórt agus Cuimsiú. Tá soláthar de €485,000 á chur ar fáil in 2024 chun tacú leis seo.

Leanfaidh an Oifig Spóirt ag forbairt agus ag seachadadh cúrsaí & ceardlann i rith 2024. Ceardlann um Chosaint Leanaí, Uathachas sa Spórt, Traenáil Leanaí, Litearthacht Fhisiciúil a Thuiscint, Scileanna Éigeandála agus Cuimsiú Spóirt Leanfar le cúrsaí oiliúna Feasachta Míchumais a sholáthar do chlubanna spóirt pobail agus do ghrúpaí gaolmhara eile le linn 2024 nach bhfuil bealaí eile acu chun an oiliúint seo a rochtain. Ina theannta sin, tá €150,000 á chur ar fáil le haghaidh áiseanna spóirt agus deontais tacaíochta óige ar fud an chontae.

Leanfaidh an Oifig Spóirt ar aghaidh ag obair mar chomhpháirtí gníomhach de chuid den tionscadal *"Cathracha Gníomhacha"* a fhaigheann tacaíocht ó Mhaoiniú na gCuntas Díomhaoin. Is í fís an tionscadail seo ná líon na saoránach a bheith rannpháirteach, a chothabháil agus a mhéadú, beag beann ar aois agus cumas, a ghlacann páirt i spórt agus i ngníomhaíocht choirp. Bunaithe ar chreat an Phlean Gníomhaíochta Domhanda

um Ghníomhaíocht Choirp (GAPPA) de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte, díríonn Tionscadal na gCathracha Gníomhacha ar thacú le 4 phríomhcholún;


- Córais Ghníomhacha
- Timpeallachtaí Gníomhacha
- Cumainn Ghníomhacha
- Daoine Gníomhacha

Cruthaíonn clár na gCathracha Gníomhacha deiseanna do shaoránaigh stíleanna maireachtála níos sláintiúla a bheith acu i gcomhthéacs spóirt agus gníomhaíochta coirp.

# F – Áineas & Conláistí


## Expenditure

| | | |
|---|---|---|
| F01 | Oibríochtaí Saoráidí Fóillíochta | €773,500 |
| F02 | Oibríiú na Seirbhíse Leacharlainne agus Cartlainne | €18,256,600 |
| F03 | Oibríochtaí Limistéir Fóillíochta Allamuigh | €27,794,500 |
| F04 | Forbairt Spóirt agus Áineasa Pobail | €10,919,400 |
| F05 | Feidhmiú an Chlair Ealaíon | €12,516,900 |
| | | **€70,260,900** |




## Income

| | |
|---|---|
| Deontais RTRÁO | €75,000 |
| An Chomhairle Ealaíon | €50,000 |
| Deontais agus Fóirdheontais Eile | €2,659,500 |
| Ioncam Eile | €1,856,100 |
| Áineas/ Taitneamhacht/ Cultúr | €706,200 |
| Aoisliúntas | €605,700 |
| | **€5,952,500** |



| Tábla F - Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannán F - Áineas agus Taitneamhacht** | | | | |
| **Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fo-Sheirbhíse** | **2024** | | **2023** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| F0101 Oibríochtaí Saoráidí Fóillíochta | 248,200 | 248,200 | 183,700 | 175,600 |
| F0103 Ranníocaíocht le hÁiseanna Fóillíochta de chuid Comhlachtaí Seachtracha | 304,000 | 304,000 | 326,000 | 304,200 |
| F0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 221,300 | 221,300 | 216,600 | 218,200 |
| **F01 Oibríochtaí Saoráidí Fóillíochta** | **773,500** | **773,500** | **726,300** | **698,000** |
| F0201 Oibríochtaí Seirbhíse Leabharlainne | 10,823,000 | 10,823,000 | 10,577,500 | 10,192,300 |
| F0202 Seirbhís Chartlainne | 147,800 | 147,800 | 143,500 | 141,700 |
| F0204 Ceannach Leabhair, CDanna srl. | 1,000,000 | 1,000,000 | 894,000 | 894,100 |
| F0205 Ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Leabharlainne | - | - | - | - |
| F0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 6,285,800 | 6,285,800 | 6,047,300 | 6,147,000 |
| **F02 Oibriú na Seirbhíse Leabharlainne agus Cartlainne** | **18,256,600** | **18,256,600** | **17,662,300** | **17,375,100** |
| F0301 Páirceanna, Páirceanna Imeartha & Spásanna Oscailte | 20,741,000 | 20,741,000 | 19,304,500 | 19,786,200 |
| F0302 Clóis súgartha | 617,100 | 617,100 | 557,200 | 555,500 |
| F0303 Tránna | 714,100 | 714,100 | 608,400 | 674,700 |
| F0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 5,722,300 | 5,722,300 | 5,410,700 | 5,493,100 |
| **F03 Oibríochtaí Limistéir Fóillíochta Allamuigh** | **27,794,500** | **27,794,500** | **25,880,800** | **26,509,500** |
| F0401 Deontais Pobail | 5,339,400 | 5,339,400 | 3,618,800 | 5,133,900 |
| F0402 Oibriú de Halla Spóirt/Staidiam | - | - | - | - |
| F0403 Áiseanna Pobail | 1,499,600 | 1,499,600 | 1,361,800 | 1,392,200 |
| F0404 Forbairt Áineasa | 2,910,300 | 2,910,300 | 2,681,700 | 3,089,000 |
| F0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,170,100 | 1,170,100 | 1,010,400 | 1,039,700 |
| **F04 Spórt Pobail agus Forbairt Áineasa** | **10,919,400** | **10,919,400** | **8,672,700** | **10,654,800** |
| F0501 Clár na nEalaíon a Riar | 4,035,400 | 4,035,400 | 3,725,600 | 4,062,700 |
| F0502 Ranníocaíocht le Clár Ealaíon de chuid Comhlachtaí Seachtracha | 120,000 | 120,000 | 90,200 | 128,100 |
| F0503 Oibríochtaí Músaeim | - | - | - | - |
| F0504 Oibríochtaí Áiseanna Oidhreachta/Léirléiritheacha | 3,386,600 | 3,386,600 | 2,840,800 | 2,915,900 |
| F0505 Féilte agus Ceolchoirmeacha | 3,954,100 | 3,954,100 | 2,261,800 | 4,374,200 |
| F0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,020,800 | 1,020,800 | 904,800 | 919,900 |
| **F05 Oibriú Chlár na nEalaíon** | **12,516,900** | **12,516,900** | **9,823,200** | **12,400,800** |
| F0601 Seirbhísí Gníomhaireachta & Infhorchúitithe | - | - | - | - |
| F0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **F06 Seirbhísí Gníomhaireachta & Infhorchúitithe** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| **Rannán F Iomlán** | **70,260,900** | **70,260,900** | **62,765,300** | **67,638,200** |

| Tábla F - Ioncam | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannán F - Áineas agus Taitneamhacht** | | | | |
| **Ioncam de réir Foinse** | **2024** | | **2023** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **Deontais & Fóirdheontais Rialtais** | | | | |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil & Oidhreacht | 75,000 | 75,000 | 75,000 | 75,000 |
| Oideachas | - | - | - | - |
| Na Meáin, Turasóireacht, Ealaíon, Cultúr, Spórt & an Ghaeltacht | - | - | - | - |
| Coimirce Shóisialta | - | - | - | - |
| Comhairle na Leabharlainne | - | - | - | - |
| An Chomhairle Ealaíon | 50,000 | 50,000 | 50,000 | 50,000 |
| Iompar | - | - | - | - |
| Forbairt Tuaithe & Phobail | 262,000 | 262,000 | 191,800 | 17,100 |
| Eile | 2,397,500 | 2,397,500 | 1,024,100 | 1,639,700 |
| **Deontais & Fóirdheontas Rialtais Iomlána** | **2,784,500** | **2,784,500** | **1,340,900** | **1,781,800** |
| **Earraí & Seirbhísí** | | | | |
| Áineas/Taitneamhacht/Cultúr | 706,200 | 706,200 | 606,000 | 769,800 |
| Aoisliúntas | 605,700 | 605,700 | 659,500 | 577,000 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta & Oibreacha Inaisíoctha | - | - | - | - |
| Ranníocaíochtaí ó Údaráis Áitiúla | 32,000 | 32,000 | - | 32,000 |
| Ioncam eile | 1,824,100 | 1,824,100 | 852,800 | 1,112,300 |
| **Earraí & Seirbhísí Iomlána** | **3,168,000** | **3,168,000** | **2,118,300** | **2,491,100** |
| **Rannán F Iomlán** | **5,952,500** | **5,952,500** | **3,459,200** | **4,272,900** |

# Rannán G
# TALMHAÍOCHT, BIA & NA MARA

**BÉILÍ SCOILE**

Tá suim de €64,400 (glan) curtha san áireamh do sholáthar Scéim na mBéilí Scoile in 2024.

**OIBRIÚ AGUS COTHABHÁIL NA gCUANTA**

Tá soláthar buiséid de €353,100 san áireamh le haghaidh cothabháil agus cothabháil leanúnach laethúil ár gcuanta ag Baile Brigín, Na Sceirí, an Ros, Loch Sionnach agus Fánán Mhullach Íde. Áiríonn sé seo soláthar leanúnach san aistriú Ioncaim go Caipitil don infheistíocht chaipitiúil a theastaíonn sna cuanta, go háirithe i mBaile Brigín agus sna Sceirí, sna blianta atá le teacht. Cuireadh na dréachtfhodhlíthe Cuain faoi bhráid na gCoistí um Beartais Straitéiseacha Iompair agus Chósta iad tar éis próisis chomhairliúcháin phoiblí in 2023. Tá foráil déanta chun táillí calaithe a thabhairt isteach ag na ceithre chuan in 2024, chomh maith lena chinntiú go n-íocann úsáideoirí cuain as rochtain ar sheirbhísí diúscartha leictreachais, uisce agus dramhaíola a tugadh isteach i gCuan Bhaile Brigín in 2023.

**OIBRIÚ SEIRBHÍSÍ MAOR MADRAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ DÍDEAN MADRAÍ**

Tá soláthar de €620,000 san áireamh i mBuiséad 2024 chun ár bhfreagrachtaí faoi na hAchtanna um Rialú Madraí 1986 agus 1992 a chomhlíonadh.

Faoin Acht um Rialú Madraí tá cumhachtaí ag an gComhairle aon mhadra strae, neamhcheadúnaithe nó ionsaitheach a bhailiú agus a ghaibhniú. Foráiltear do sheirbhís 7 lá. Déanann foireann de sheisear Maor Madraí patróil mhaor madraí a dhéanann patról ar gach ceantar lena n-áirítear lár na mbailte, eastáit tithíochta, tránna agus páirceanna.

Bíonn patróil mhaor madraí ar siúl i rith na bliana agus dírítear i rith míonna an tsamhraidh ar phatróil tráthnóna i bpáirceanna Fhine Gall. Cabhraíonn na Maoir Madraí leis an nGarda agus le gníomhaireachtaí reachtúla eile chomh maith le Ranna eile na Comhairle maidir le feidhmeanna a fheidhmiú faoin Acht um Rialú Madraí 1986 agus 1992. Bíonn siad i dteagmháil freisin le heagraíochtaí ar nós an DSPCA maidir le cúrsaí a bhaineann le leas ainmhithe.

Eisíonn na maoir madraí fógraí 10 lá d'úinéirí nach bhfuil ceadúnas madra acu agus eisíonn siad fíneálacha freisin má theipeann orthu ceadúnas a thabhairt ar aird. Foráiltear ioncaim de €275,000 ó cheadúnú madraí do 2024.


**SEIRBHÍS URGHABHÁLA CAPALL AGUS SAORÁID PÓNA CAPALL A OIBRIÚ**

Tá soláthar de €75,000 san áireamh i mBuiséad 2024 chun ár bhfreagrachtaí a chomhlíonadh faoin Acht um Rialú Capall 1996 a thugann cumhachtaí don Chomhairle aon chapall strae a bhailiú agus a ghaibhniú a d'fhéadfadh a bheith ina chontúirt do dhaoine nó do mhaoin nó a d'fhéadfadh a bheith ina núis.

# G– Talmhaíocht, Bia & Mara


## Caiteachas

| | | |
|---|---|---|
| G02 | Oibriú agus Cothabháil Céanna agus Cuanta | €585,200 |
| G04 | Seirbhísí Tréidliachta | €1,034,500 |
| G05 | Seirbhísí Tacaíochta Oideachais | €116,500 |
| | | **€1,736,200** |




## Ioncam

| | |
|---|---|
| Tamhlaíocht & Muirí | €20,000 |
| Deontais agus Fóirdheontais Eile | €43,000 |
| Ioncam Eile | €350,300 |
| Aoisliúntas | €4,400 |
| | **€417,700** |



| Tábla F - Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannán G – Talmhaíocht, Bia & Mara** | | | | |
| **Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fo-Sheirbhíse** | **2024** | | **2023** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| G0101 Cothabháil de Limistéir Draenála Talún | - | - | - | - |
| G0102 Ranníocaíochtaí le Comhlactaí Comhpháirteacha Draenála | - | - | - | - |
| G0103 Pinsin Talmhaíochta a Íoc | - | - | - | - |
| G0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **G01 Costais Draenála Talún** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| G0201 Céanna a Oibriú | - | - | - | - |
| G0203 Cuanta a Oibriú | 485,300 | 485,300 | 391,400 | 934,400 |
| G0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 99,900 | 99,900 | 110,700 | 113,700 |
| **G02 Céanna agus Cuanta a Oibriú agus a Chothabháil** | **585,200** | **585,200** | **502,100** | **1,048,100** |
| G0301 Cothabháil Ghinearálta - Réigiúin Chósta | - | - | - | - |
| G0302 Cosaint Phleanáilte de Réigiúin Chósta | - | - | - | - |
| G0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **G03 Cosaint Cósta** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| G0401 Soláthar Seirbhíse Tréidliachta | - | - | - | - |
| G0402 Iniúchadh Seamlais srl | - | - | 12,000 | 43,100 |
| G0403 Sábháilteacht Bia | - | - | 12,000 | - |
| G0404 Feidhmiú na Seirbhíse Maor Madraí | 772,000 | 772,000 | 708,400 | 766,600 |
| G0405 Seirbhísí Eile um Leas Ainmhithe (lena n-áirítear Rialú Capall) | 144,100 | 144,100 | 166,800 | 143,300 |
| G0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 118,400 | 118,400 | 124,800 | 129,300 |
| **G04 Seirbhís Tréidliachta** | **1,034,500** | **1,034,500** | **1,024,000** | **1,082,300** |
| G0501 Deontais Ardoideachais a Íoc | - | - | - | - |
| G0502 Deontais Ardoideachais a Riar | - | - | - | - |
| G0503 Pinsin CGO a Íoc | - | - | - | - |
| G0504 Pinsean CGO a Riar | - | - | - | - |
| G0505 Ranníocaíocht leis an CGO | - | - | - | - |
| G0506 Seirbhísí Oideachais Eile | 5,000 | 5,000 | 5,000 | 5,000 |
| G0507 Béilí Scoile | 107,400 | 107,400 | 85,000 | 98,500 |
| G0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 4,100 | 4,100 | 5,100 | 5,300 |
| **G05 Seirbhísí Tacaíochta Oideachais** | **116,500** | **116,500** | **95,100** | **108,800** |
| G0601 Seirbhísí Gníomhaireachta & Infhorchúitithe | - | - | - | - |
| G0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **G06 Seirbhísí Gníomhaireachta & Infhorchúitithe** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| **Rannán G Iomlán** | **1,736,200** | **1,736,200** | **1,621,200** | **2,239,200** |

| Tábla F - Ioncam | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannán G – Talmhaíocht, Bia & Mara** | | | | |
| | **2024** | | **2023** | |
| **Ioncam de réir Foinse** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **Deontais & Fóirdheontais Rialtais** | | | | |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil & Oidhreacht | - | - | - | - |
| Na Meáin, Turasóireacht, Ealaíon, Cultúr, Spórt & an Ghaeltacht | - | - | - | - |
| Oideachas | - | - | - | - |
| Iompar | - | - | - | - |
| Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann | - | - | - | - |
| Talmhaíocht, Bia ,& Mara | 20,000 | 20,000 | 7,500 | 30,000 |
| Eile | 43,000 | 43,000 | 43,000 | 43,000 |
| **Deontais & Fóirdheontas Rialtais Iomlána** | **63,000** | **63,000** | **50,500** | **73,000** |
| **Earraí & Seirbhísí** | | | | |
| Aoisliúntas | 4,400 | 4,400 | 8,700 | 7,500 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta & Oibreacha Inaisíoctha | - | - | - | - |
| Ranníocaíochtaí ó Údaráis Áitiúla | - | - | - | - |
| Ioncam eile | 350,300 | 350,300 | 295,000 | 323,800 |
| **Earraí & Seirbhísí Iomlána** | **354,700** | **354,700** | **303,700** | **331,300** |
| **Rannán G Iomlán** | **417,700** | **417,700** | **354,200** | **404,300** |

# Rannán H
# SEIRBHÍSÍ ILGHNÉITHEACHA

**RÁTAÍ A RIAR**
Áirítear leis an tseirbhís seo costas bailithe rátaí chomh maith le soláthar d'aisíocaíochtaí rátaí ar mhaoin fholmha agus drochfhiacha díscríofa a aisíoc. Leanann an Buiséad le foráil a dhéanamh do chaillteanais fhéideartha a eascraíonn as an mBinse Luachála mar a leagadh amach roimhe seo do gach ball.

**TOGHTHÓIRÍ/VÓTÁLAITHE A CHLÁRÚ**
Tiomsaíonn an Chomhairle Contae Clár na dToghthóirí gach bliain agus foilsíonn sí é de réir na spriocdhátaí reachtúla. Bhí 194,646 toghthóir ar Chlár na dToghthóirí amhail an 13 Deireadh Fómhair 2023.
Tá suim de €104,000 curtha ar fáil maidir leis an tionscadal voter.ie atá ar bun ag Comhairle Contae Fhine Gall i gcomhar leis na trí Údarás Áitiúla eile i mBaile Átha Cliath.

**TOGHCHÁIN ÁITIÚLA, 2024**
Soláthraítear suim €268,000 gan costais phárolla do na Toghcháin Áitiúla atá le tarlú i Meitheamh 2024.

**SPEANSAIS CHOMHALTAÍ**
Cuirtear €26,500 ar fáil le haghaidh comhdhálacha agus oiliúna ag Comhaltaí Tofa in 2024.

**MUIRIR ÁIT CHÓNAITHE PHRÍOBHÁIDEACH NEAMHPHRÍOMHA (NPPR)**
Foráiltear d'ioncam de €400,000 sa Bhuiséad 2024 maidir le riaráistí muirear NPPR a aisghabháil.

**COSTAIS TACAÍOCHTA SEIRBHÍSE**

**OIFIGÍ NA COMHAIRLE A MHAOINIÚ**
Tá suim de €2.4m leithdháilte ar shocruithe maoinithe d'oifigí Bhaile Bhlainséir.

**SEIRBHÍSÍ DIGITEACHA**
Tacaíonn Roinn na Seirbhísí Digiteacha le soláthar seirbhísí na Comhairle do shaoránaigh, gnóthaí agus ionadaithe tofa Fhine Gall trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha.

Leanfaidh Roinn na Seirbhísí Digiteacha le cur chun feidhme Chlár Digiteach um Athchóiriú an Ionaid Oibre de chuid na Comhairle in 2024. Tá sé mar aidhm ag an gclár seo na timpeallachtaí oifige, iosta agus oibre allamuigh a athrú ó bhonn ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha. Trí thaifid a dhigitiú agus próisis a dhigitiú beifear in ann éifeachtúlachtaí feabhsaithe i bpróisis oibre, rialachas agus slándáil faisnéise feabhsaithe, oibriú soghluaiste agus allamuigh feabhsaithe, chomh maith le gnóthachain chomhshaoil.

Seo a leanas rogha de thionscadail na Seirbhísí Digiteacha a chuirfear chun cinn in 2024:-

- Seirbhísí Nua ar Dhinimic 365 CRM.
- Orduithe CE (Modúl Síniú Digiteach).
- Aistriú go ríomhThithíocht.
- Iasachtaí Tithíochta
- Tairseach Custaiméara myFingal.
- Ríomhphleanáil agus teicneolaíochtaí gaolmhara (Céim 2).

Leanfaidh Roinn na Seirbhísí Digiteacha le bainistiú a dhéanamh ar chothabháil agus ar thacaíocht an bhonneagair teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide do Chomhairle Contae Fhine Gall lena n-áirítear seirbhísí ar líne na Comhairle, córais ghnó, bonneagar freastalaí, líonra sonraí agus gléasanna ríomhaireachta.

Tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta d'fhorbairt agus d'fheabhsú leanúnach bhonneagar agus seirbhísí digiteacha an Chontae. Seolfaidh an Chomhairle Straitéis Dhigiteach nua d’Fhine Gall (2024-2027) maidir le forbairt teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide laistigh den chontae.

Leanfaidh an Chomhairle lena rannpháirtíocht ghníomhach i dtionscnamh réigiúnach Bhaile Átha Cliath Cliste, Baile Brigín Cliste agus i bhFóram na gCathracha Cliste Uile-Éireann a bhfuil sé mar aidhm acu nuálaíocht agus comhoibriú a spreagadh in úsáid na teicneolaíochta chun réitigh nua a fhorbairt ar dhúshláin réigiúnacha aitheanta.

Leanfaidh an Chomhairle freisin de bheith rannpháirteach i dtionscnaimh náisiúnta um Shonraí Oscailte agus beidh ról ceannaireachta aici iontu a chumasóidh foilsiú comhordaithe agus caighdeánaithe de Shonraí Oscailte ag Údaráis Áitiúla.

**SEIRBHÍSÍ DAOINE**

Tá socruithe oibre cumaisc curtha i bhfeidhm agus baill foirne incháilithe ag obair go cianda suas le 2 lá. Tá baill foirne nach bhfuil ag baint leasa as socruithe cumaiscthe ar ais ag obair go lánaimseartha san oifig anois.

Leanann earcaíocht de bheith dúshlánach agus muid san iomaíocht le haghaidh foireann ardchaighdeáin i margadh atá an-iomaíoch. Earcaíodh 175 ball foirne san eagraíocht go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair 2023 agus d’imigh 149 ball foirne sa tréimhse chéanna. Leanfaidh Seirbhísí Daoine ar aghaidh ag reáchtáil feachtais earcaíochta le linn 2024.

Leanfaidh an Roinn Seirbhísí Daoine ar aghaidh ag dul i gcomhairle leis na Ceardchumainn agus leanfaidh sí ag baint úsáide as an bpróiseas comhpháirtíochta “Fóram Líonra Fhine Gall” chun éifeachtúlachtaí riachtanacha san ionad oibre a chur chun feidhme agus coinbhleacht thionsclaíoch a chothabháil.

Leanann an Rannóg Párolla ag comhlíonadh na bPríomhtháscairí Feidhmíochta atá leagtha amach sa Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse le MyPay maidir le hamlínte do ritheanna pá agus cruinneas na n-íocaíochtaí don fhoireann.

Tá an Rannóg Aoisliúntais ag próiseáil méideanna níos airde scoir bliain ar bhliain agus meastar go mbeidh níos mó ná 53 ball foirne san iomlán ar scor in 2023. Tá méadú ag teacht freisin ar líon na n-iarratas ar mheastacháin aoisliúntais agus ar fhaisnéis ghinearálta ar theidlíochtaí.

**FOGHLAIM AGUS FORBAIRT**

Leanann an Roinn Seirbhísí Daoine ag cinntiú go ndéantar scileanna, cumais agus inniúlachtaí ár bhfostaithe a fheabhsú agus a nuashonrú go leanúnach ionas go leanann siad ar aghaidh ag comhlíonadh a róil ar bhealach inniúil agus sábháilte i dtimpeallacht oibre atá ag athrú.

**SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHT CHEIRDE**

Rinne an tAonad Sláinte agus Sábháilteachta (HSU) 182 iniúchadh sábháilteachta agus 178 iniúchadh VDU sa tréimhse suas go dtí Meán Fómhair 2023. Leanfaidh an dianréimeas iniúchta seo ar aghaidh i rith 2024.

Thaifead an HSU le linn 2023 agus thuairiscigh sé don Phríomhfheidhmeannach ar theagmhais tinnis Covid-19 i measc na foirne agus leanfar leis an monatóireacht seo ar feadh 2024.


Tar éis 11 bliana as a chéile d'iomaíocht ar leibhéal náisiúnta (Tuaisceart Éireann san áireamh) agus dámhachtainí sábháilteachta éagsúla NISO a bhaint amach, lena n-áirítear dámhachtainí 'Ardghnóthachtála Comhsheasmhach' agus Gradam, chuaigh Comhairle Contae Fhine Gall isteach i nGrúpa Sábháilteachta NISO & Thuaisceart Éireann 32ú Dámhachtainí Bliantúla um Shábháilteacht Cheirde, ag bogadh suas go dtí na gradaim chatagóir a haon ag baint amach gradam 'Ardghnóthachtáil Eisceachtúil' in 2023.

I measc na n-oibreacha eile a rinne an HSU le linn 2023 tá imscrúdú teagmhais, measúnú riosca, giniúint SOP, athbhreithnithe ar ráitis sábháilteachta corparáidí agus coimhdeacha mar aon le fiosrúcháin S&S na foirne a leigheas. Déantar na hoibreacha seo a bhainistiú trí KPIanna oibríochtúla na Roinne.

# H – Seirbhísí Ilghnéitheacha


## Caiteachas

| | | |
|---|---|---|
| H02 | Cuntas Stór Brabúis & Caillteanais | €415,900 |
| H03 | Rátaí a Riaradh | €19,371,000 |
| H04 | Costais Toghchórais | €888,100 |
| H06 | Droichid Mheáchain | €26,400 |
| H07 | Margaí agus Trádáil Ócáideach a Oibriú | €1,100 |
| H09 | Ionadaíocht Áitiúil & Ceannaireacht Shibhialta | €3,070,400 |
| H11 | Seirbhísí Gníomhaireachta & Inchúitithe | €652,300 |
| | | **€24,425,200** |




## Ioncam

| | |
|---|---|
| Deontas RTRÁO | €14,407,100 |
| NPPR | €400,000 |
| Ioncam Eile | €14,358,700 |
| Rannaíocaíochtaí ó Údaráis Áitiúla | €160,000 |
| Aoisliúntas | €56,100 |
| | **€29,381,900** |



| Tábla F - Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Rannán H - Seirbhísí Ilghnéitheacha | | | | |
| | 2024 | | 2023 | |
| Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fo-Sheirbhíse | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Measta ag an bPríomhfheidhmeannach € | Arna ghlacadh ag an gComhairle € | Toradh Measta € |
| H0101 Seirbhís Innealra a Chothabháil | 1,772,800 | 1,772,800 | 1,770,500 | 1,773,000 |
| H0102 Oibríochtaí Gléasra agus Innealra | (1,772,800) | (1,772,800) | (1,770,500) | (1,773,000) |
| H0199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **H01 Cuntas Brabús & Caillteanas Innealra** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| H0201 Ceannach Ábhar, Stórais | 120,100 | 120,100 | 135,000 | 125,100 |
| H0202 Stórais Costas Riaracháin | 108,800 | 108,800 | 96,300 | 108,800 |
| H0203 Foirgneamh, stórais a chothabháil | - | - | - | - |
| H0299 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 187,000 | 187,000 | 183,100 | 190,600 |
| **H02 Brabús & Caillteanas Cuntas Stórais** | **415,900** | **415,900** | **414,400** | **424,500** |
| H0301 Oifig um Riaradh Rátaí | 30,000 | 30,000 | 50,000 | 30,000 |
| H0302 Rátaí na Seirbhísí Bainistíochta Fiachais | 732,200 | 732,200 | 682,600 | 708,300 |
| H0303 Aisíocaíochtaí agus Rátaí Do-aisghabhála | 17,415,000 | 17,415,000 | 18,706,900 | 19,645,700 |
| H0399 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,193,800 | 1,193,800 | 1,116,700 | 1,165,600 |
| **H03 Rátaí a Riaradh** | **19,371,000** | **19,371,000** | **20,556,200** | **21,549,600** |
| H0401 Clár Costas Toghthóirí | 334,000 | 334,000 | 244,500 | 256,000 |
| H0402 Costais Toghcháin Áitiúil | 267,400 | 267,400 | - | - |
| H0499 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 286,700 | 286,700 | 295,000 | 296,400 |
| **H04 Costais Toghchórais** | **888,100** | **888,100** | **539,500** | **552,400** |
| H0501 Táillí agus Costais an Chróinéara | - | - | - | - |
| H0502 Marbhlann a Oibriú | - | - | - | - |
| H0599 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **H05 Costais Marbhlainne agus Cróinéara a oibriú** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| H0601 Oibríochtaí Droichid Meáchain | 26,000 | 26,000 | 29,500 | 27,000 |
| H0699 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 400 | 400 | 1,000 | 1,000 |
| **H06 Droichid Meáchain** | **26,400** | **26,400** | **30,500** | **28,000** |
| H0701 Margaí a Oibriú | - | - | - | - |
| H0702 Limistéir Chorrthrádála | 1,000 | 1,000 | 1,000 | - |
| H0799 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 100 | 100 | - | - |
| **H07 Margaí agus Corrthrádáil a Oibriú** | **1,100** | **1,100** | **1,000** | **-** |
| H0801 Damáiste Mhailíseach | - | - | - | - |
| H0899 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **H08 Damáiste Mhailíseach** | **-** | **-** | **-** | **-** |

| Tábla F - Caiteachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannán H - Seirbhísí Ilghnéitheacha** | | | | |
| **Caiteachas de réir Seirbhíse agus Fo-Sheirbhíse** | **2024** | | **2023** | |
| | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| H0901 Íocaíochtaí Ionadaíochta | 1,110,200 | 1,110,200 | 997,700 | 1,106,800 |
| H0902 Liúntais an Chathaoirligh/Leas Cathaoirligh | 72,000 | 72,000 | 108,700 | 72,000 |
| H0903  Liúntais Bhliantúla Chomhaltaí ÚÁ | 452,500 | 452,500 | 440,000 | 449,500 |
| H0904 Speansais Chomhaltaí ÚÁ | - | - | - | - |
| H0905 Speansais Eile | - | - | - | - |
| H0906 Comhdhálacha Thar lear | 3,000 | 3,000 | 3,000 | 3,000 |
| H0907 Aiscí Scoir | 15,000 | 15,000 | 10,000 | 65,000 |
| H0908 Ranníocaíocht le Cumainn na gComhaltaí | 21,500 | 21,500 | 20,000 | 21,500 |
| H0909 Leithdháileadh Ginearálta Bardasach | - | - | - | - |
| H0999 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 1,396,200 | 1,396,200 | 1,331,600 | 1,243,600 |
| **H09 Ionadaíocht Áitiúil & Ceannaireacht Chathartha** | **3,070,400** | **3,070,400** | **2,911,000** | **2,961,400** |
| H1001 Oibriú Mótarchánach | - | - | - | - |
| H1099 Costais Tacaíochta Seirbhíse | - | - | - | - |
| **H10 Mótarcháin** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| H1101 Seirbhísí Gníomhaireachta & Infhorchúitithe | 94,000 | 94,000 | 93,500 | 94,000 |
| H1102 NPPR | 313,600 | 313,600 | 320,300 | 314,100 |
| H1199 Costais Tacaíochta Seirbhíse | 244,700 | 244,700 | 274,600 | 283,000 |
| **H11 Seirbhísí Gníomhaireachta & Infhorchúitithe** | **652,300** | **652,300** | **688,400** | **691,100** |
| **Rannán H Iomlán** | **24,425,200** | **24,425,200** | **25,141,000** | **26,207,000** |
| **FORIOMLÁN** | **361,897,200** | **361,897,200** | **333,748,700** | **343,748,200** |

| Tábla F - Ioncam | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Rannán H - Seirbhísí Ilghnéitheacha** | | | | |
| | **2024** | | **2023** | |
| **Ioncam de réir Foinse** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Measta ag an bPríomhfheidhmeannach €** | **Arna ghlacadh ag an gComhairle €** | **Toradh Measta €** |
| **Deontais & Fóirdheontais Rialtais** | | | | |
| Tithíocht, Rialtas Áitiúil & Oidhreacht | 14,407,100 | 14,407,100 | 12,999,700 | 13,379,700 |
| Talmhaíocht, Bia ,& Mara | - | - | - | - |
| Coimirce Shóisialta | - | - | - | - |
| Ceartas | - | - | - | - |
| Eile | - | - | - | - |
| **Deontais & Fóirdheontas Rialtais Iomlána** | **14,407,100** | **14,407,100** | **12,999,700** | **13,379,700** |
| **Earraí & Seirbhísí** | | | | |
| Aoisliúntas | 55,500 | 55,500 | 62,400 | 54,600 |
| Seirbhísí Gníomhaireachta & Oibreacha Inaisíoctha | - | - | - | - |
| Ranníocaíochtaí ó Údaráis Áitiúla | 160,000 | 160,000 | 148,000 | 149,000 |
| NPPR | 400,000 | 400,000 | 400,000 | 600,000 |
| Ioncam eile | 14,359,300 | 14,359,300 | 11,067,600 | 15,313,800 |
| **Earraí & Seirbhísí Iomlána** | **14,974,800** | **14,974,800** | **11,678,000** | **16,117,400** |
| **Rannán H Iomlán** | **29,381,900** | **29,381,900** | **24,677,700** | **29,497,100** |
| **FORIOMLÁN** | **190,386,800** | **190,386,800** | **168,638,700** | **179,121,900** |

# Deimhniú

Deimhním leis seo gur tharla sé ag an gcruinniú Chomhairle Contae Fhine Gall maidir leis an mBuiséad Bliantúil ar an 7ú lá de mhí na Samhna 2023, ghlac an Chomhairle le rún don bhliain airgeadais dar críoch an 31 lá de mhí na Nollag 2024, an Buiséad Bliantúil, arna leasú, arna leagan amach i dTáblaí A - F agus le rún arna chinneadh i gcomhréir leis an mbuiséad i gceist an ráta arna leagan amach i dTábla A a bheith ina Ráta Bliantúil ar Luacháil atá le tobhach don bhliain sin chun na críocha arna leagan amach i dTábla A.

Síniú: ______________________
Méara

Comhshíniú: ______________________
Ceannasaí Airgeadais

Dáta: 2/11/23

| AGUISÍN 1 | | |
|---|---|---|
| **ACHOIMRE AR THÁILLÍ BAINISTÍOCHTA LÁRNAÍ DON BHLIAIN 2024** | | |
| **Cur Síos** | **2024**<br>**€** | **2023**<br>**€** |
| Forchostas Gnóthaí Corparáideacha | 6,396,500 | 5,921,600 |
| Forchostas Foirgnimh Chorparáidigh | 10,871,100 | 11,101,200 |
| Forchostas Fheidhm Airgeadais | 3,168,300 | 2,922,300 |
| Forchostas Fheidhm Acmhainní Daonna | 4,251,700 | 3,808,300 |
| Seirbhísí IT | 10,084,500 | 10,422,400 |
| Forchostas Pinsin & Cnapshuime | 21,303,500 | 19,627,900 |
| **Caiteachas Iomlán arna Leithdháileadh ar Sheirbhísí** | **56,075,600** | **53,803,700** |

| AGUISÍN 2 | | |
|---|---|---|
| **ACHOIMRE AR LEITHDHÁILEADH CÁNACH MAOINE ÁITIÚIL DON BHLIAIN 2023** | | |
| | **2024** | **2024** |
| **Cur Síos** | **€** | **€** |
| **Lánroghnach** | | |
| Cáin Mhaoine Áitiúil Lánroghnach (Tábla A) | 12,366,300 | |
| | | **12,366,300** |
| **Féinmhaoiniú - Buiséad Ioncaim** | | |
| Tithíocht & Foirgneamh | 10,058,000 | |
| Bóithre, Iompar & Sábháilteacht | 3,914,500 | |
| | | **13,972,500** |
| | | **26,338,800** |
| **Iomlán Cáin Mhaoine Áitiúil - Ioncam Buiséid** | | |
| **Féin Maoiniú - Buiséad Caipitil** | | |
| * Tithíocht & Foirgneamh | 14,000,000 | |
| Bóithre, Iompar & Sábháilteacht | | **14,000,000** |
| | | - |
| **Cáin Mhaoine Áitiúil Iomlán - Buiséad Caipitil** | | |
| **Leithdháileadh Cánach Maoine Áitiúil Iomlán (Athraitheas Poist)** | | **40,338,800** |

* Tá scoilt an cheanglais féinmhaoinithe bunaithe ar aicmiú reatha & caipitil na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Mar sin féin, ní thagann sé seo ar chomhréim le cóireáil údaráis áitiúil i gcásanna áirithe m.sh. Deontais Tithíochta Príobháideacha, Scéim Chomhiomlánaithe Talún. Dá réir sin, cuimsíonn an leithdháileadh CMÁ Caipitil Tithíochta roinnt gnéithe féinmhaoinithe a rangaítear mar ioncam sa Bhuiséad seo, níl an eilimint CMÁ do na scéimeanna seo ar eolas ag an bpointe seo. Mar sin féin, ullmhaíodh an buiséad ar an mbonn go mbeidh maoiniú do na scéimeanna seo maoinithe go hiomlán trí CMÁ nó trí mhaoiniú Caipitil Rialtais.



Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

County Hall, Main Street,
Swords, Co. Dublin K67 X8Y2

+353 1 890 5000
finance@fingal.ie
www.fingal.ie